



**NSAI**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL **2014**

## CONTENTS

- 1** Forléargas ar NSAI
- 2** Sracfhéachaint ar NSAI
- 4** Colúin Theicniúla maidir le Córas Trádála Éifeachtach
- 6** Tuarascáil an Chathaoirligh
- 8** Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh
- 12** Plean Gníomhaíochta do Phoist
- 14** Caighdeáin
- 20** Measúnacht Chomhréireachta
- 28** An Mhéadreolaíocht
- 36** Rialachas Corparáideach
- 38** An Bord
- 41** Ráitis Airgeadais
  - 42** Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird
  - 43** Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais
  - 44** Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
  - 46** Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta
  - 47** Beartais Chuntasaíochta
  - 49** Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chomhdhlúite
  - 50** Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána Comhdhlúite
  - 51** Clár Comhardaithe Comhdhlúite
  - 52** Ráiteas Comhardaithe faoi Shreabhadh Airgid
  - 53** Nótaí leis na Cuntais

## ► **FORLÉARGAS AR NSAI**

Is é NSAI an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Ina cháil mar chomhlacht oifigiúil na tíre um chaighdeánú, tá sé freagrach as cáilíocht a dhearbhu, agus, trína mheán sin, muinín a chothú i dtáirgí agus seirbhísí Éireannacha sa bhaile agus thar lear. Chomh maith le tionchar dearfach a bheith acu ar an tsochaí, tá na caighdeáin ina mbonn taca ag bonneagar na hÉireann maidir lenár n-aschur geilleagrach a fhorbairt, a thrádáil agus a ráthú sa tír seo agus thar lear, trína ndéantar an trádáil idirnáisiúnta agus an infheistíocht isteach a spreagadh agus trína n-éascaítear don iomaíocht chóir.

Baineann trí ghné éagsúla leis an ról atá ag NSAI. Nuair a dhéantar riachtanas a shainaithint, déanann NSAI caighdeáin nua a cheapadh agus a fhorbairt trí dhlúthchomhar le páirtithe tionscail agus páirtithe ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Maidir le caighdeáin atá i bhfeidhm cheana féin, idir chaighdeáin Éireannacha agus caighdeáin idirnáisiúnta, bíonn NSAI i mbun oibre i gcomhar le gnólachtaí ar fud na n-earnálacha uile chun na caighdeáin a chur i bhfeidhm agus chun a gcomhlíonadh a thástáil trí dheimhniú nó trí mheasúnacht chomhréireachta. Ar deireadh, tá an cúram ar NSAI caighdeáin tomhais a chinntiú trí uirlisí tomhais a fhíorú agus a cigireacht a dhéanamh orthu, agus trí cheanglais chóras idirnáisiúnta na n-aonad a chomhlíonadh.

Óna bheith ag féachaint ar pháiste ag imirt spóirt agus a fhios againn go bhfuil na cuailí báire sábháilte, go dtí bia a mheá in ollmhargadh agus a fhios againn go bhfuil na méideanna cruinn. Óna bheith i mbun brabhsála ar an idirlíon agus muinín againn go bhfuil na sonraí slán, go dtí leas a bhaint as trealamh leictreach agus a fhios againn gur féidir brath air. Níl ansin ach cúpla sampla as na mílte samplaí laethúla den chaoi a bhfuil na caighdeáin, agus an obair a dhéanann NSAI, ina ngné bhunúsach, thábhachtach dár saol.

## ► **FÍS**

Eagraíocht dhinimiciúil a úsáideann bearta agus caighdeáin chun tairbhe na sochaí agus chun buntáiste domhanda a thabhairt d'fhiontraíocht na hÉireann.

## ► **MISEAN**


Cumasaíonn NSAI an nuálaíocht, cuireann sé an trádáil chun cinn, éascaíonn sé d'iomaíocht chóir agus cosnaíonn sé tomhaltóirí trí chruinneas tomhais agus trí chaighdeáin a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

# Sracfhéachaint ar **NSAI**



## SOCHAIR NSAI

Is riachtanach iad na caighdeáin i dtaobh an ghnó, an gheilleagar agus na sochaí. An fhiontraíocht a chumasú agus tomhaltóirí a chosaint.



## MÉADREOLAÍOCHT DLÍ

Trí chigireachtaí a dhéanamh, cuidítear muinín a chothú maidir le cruinneas na n-uirlisí tomhais a úsáidtear le linn trádála.

[www.nsai.ie](http://www.nsai.ie)

## CAIGHDEÁIN

Ionchur na hÉireann a chumasú maidir le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt.



## AN TRÁDÁIL A CHUMASÚ

Trí chaighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta a ghlacadh, bíonn tionscal na hÉireann san iomaíocht ar ardán an domhain.



## GNÓ

Comhpháirteanna teicniúla lárnacha (Caighdeáin, Méadreolaíocht agus Deimhniú) geilleagair trádála éifeachtaigh a thabhairt le chéile.



## SAOTHARLANN MÉADREOLAÍOCHTA

Bearta tagartha náisiúnta agus calabhrú don tionscal a chothabháil.



## IONADAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA

Comhalta na hÉireann sna comhlachtaí Eorpacha agus na comhlachtaí idirnáisiúnta i leith caighdeán agus tomhais.



## DEIMHNIÚ

Seirbhísí deimhniúcháin atá creidiúnaithe agus a aithnítear go hidirnáisiúnta.



NSAI



NSAI  
Media



@NSAI\_  
Standards



## Colúin Theicniúla maidir le Córas Trádála Éifeachtach – Ról NSAI

Tá an obair a dhéanann NSAI riachtanach i dtaobh ár ngeilleagair agus ár sochaí. In NSAI, oibrímid le gnólachtaí ar fud beagnach gach uile earnáil gníomhaíochta geilleagraí agus muid ag éascú don trádáil, do scaipeadh faisnéise, d'fhorleathadh gnéithe úrnua a bhaineann le caighdeáin, agus ag comhroinnt an dea-chleachtais bainistíochta agus measúnaithe comhréireachta.

I gcás na hÉireann, a bhfuil geilleagar beag oscailte aici, soláthraíonn NSAI bonneagar i leith táirgí agus seirbhísí le forbairt, le trádáil, agus le brath orthu sa tír seo agus ar fud an domhain. Leis an mbonneagar sin freisin, éascaítear cinntí ar Infheistíocht Dhíreach Choigríche, ina mbíonn eagraíochtaí ag brath ar chaighdeáin fhorbartha agus ar bhonneagar um measúnacht chomhréireachta lena gcuid cuspóirí a bhaint amach.



# Réimsí Oibríochta

## Méadreolaíocht Dlí

Is ionann an mhéadreolaíocht dlí agus cur i bhfeidhm na gceanglas dlí maidir le tomhais agus uirlisí tomhais a úsáidtear i mbun trádála.

## Saotharlann Méadreolaíochta

Tríd an Méadreolaíocht Eolaíochta agus Tionsclaíochta, bunaítear tomhais chruinne, iontaofa, inrianaithe mar bhonn le haghaidh riachtanais fheidhmíochta sna caighdeáin.

## Caighdeánú

Fágann na caighdeáin níos éasca é a bheith i mbun trádála agus is bonn iad don rialú teicniúil. Arna bhforbairt ag comhlachtaí idirnáisiúnta nó náisiúnta um chaighdeáin.

## Measúnacht Chomhréireachta

Leis an deimhniúchán, soláthraí iniúchadh agus fíorúchán neamhspleách go gcomhlíonann eagraíocht na caighdeáin atá riachtanach don mhargadh ina bhfuil sí ag feidhmiú.

# Tuarascáil an Chathaoirligh



I rith 2014, lean NSAI ar aghaidh ag tacú le gníomhaíocht gheilleagrach na hÉireann trína chinntiú go bhfuil bonneagar trádála atá láidir agus slán ann do tháirgí agus seirbhísí trí chaighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.



I rith 2014, lean NSAI ar aghaidh ag tacú le gníomhaíocht gheilleagrach na hÉireann trína chinntiú go bhfuil bonneagar trádála atá láidir agus slán ann do tháirgí agus seirbhísí trí chaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Bhí rannpháirtíocht rialta leis an tionscal ina gné bhunúsach den chomhroinnt eolais agus fuair NSAI an-fhreagra go deo ar na himeachtaí tionscail a óstáladh le bliain anuas.

Tá mé thar a bheith sásta a fhógairt gur cuireadh i gcrích na cúig bheart (faoi shainteidil an mhonaraithe, an taighde agus na nuálaíochta) a sannadh do NSAI faoi thríú Plean Gníomhaíochta bliantúil an Rialtais do Phoist, ina leagtar amach gníomhartha soiléire chun cabhrú le dálaí dearfacha a chothú i dtaobh cruthú post.

In athbhreithniú lárthearma a rinneadh ar an bPlean Straitéiseach 2013-2015, deimhníodh go bhfuil an eagraíocht ar an mbóthar ceart ó thaobh a cuid aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach. Fuarthas san athbhreithniú foirmiúil gurb amhlaidh, in ainneoin streachailt éigin sa gheilleagar, go raibh an claonadh ann gur éirigh sách maith leis na cuideachtaí a raibh caighdeán chórais bainistíochta agus deimhnithe eile glactha acu, agus bhí an t-éileamh ar sheirbhísí NSAI um measúnacht chomhréireachta fós an-chobhsaí.

Ag breathnú ar aghaidh go dtí 2015 dúinn, garsprios thábhachtach a bheidh sna hathbhreithnithe ar phríomhchaighdeán an domhain maidir le córais bainistíochta cáilíochta agus córais bainistíochta comhshaoil. Tá muinín agam gur imir NSAI ról suntasach i mbliana chun cuidiú leis an lucht gnó iad féin a ullmhú le haghaidh na n-athruithe bunúsacha sin ar an gcaoi a mbeidh comhlachtaí ag feidhmiú amach anseo. Leanfar leis an obair sin ar feadh 2015 mar a chuirimid cruinnithe faisnéise ar bun do lucht tionscail na hÉireann i dtaobh glacadh go fonnmhar leis na hathruithe sin agus buntáiste a bhaint astu.

I gcomhréir le forálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996, chuaigh triúr comhaltaí den Bhord ar scor in 2014 agus, thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le

James Collins agus Edmond Stack as an gcion luachmhar a rinne siad ar son na heagraíochta le linn a gcuid tionachtaí, agus fágann athcheapachán Terry Landers go mbeidh leanúnachas againn i dtaobh saineolais agus taithí.

Ba mhaith liom freisin fáilte a chur roimh Valerie Bowens, Aidan O'Boyle agus Deirdre Smith mar chomhaltaí nua den Bhord agus táim ag tnúth le bheith ag obair in éineacht leo.

Gabhaim mo bhuíochas freisin le Príomhfheidhmeannach agus foireann NSAI, ar féidir leo a bheith bródúil as a gcuid éachtaí maidir le leibhéil seirbhíse ar ardchaighdeán a chothabháil in ainneoin timpeallacht oibriúcháin dheacair ina bhfuil bearta laghdaithe costais go mór le sonrú.

Is amhlaidh go bhfuil NSAI mar a bheadh roth beag fiachlach i roth mór an chomhoibrithe, agus mar sin ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair gan staonadh a rinne ár gcomhaltaí coiste, na comhpháirtithe ón tionscal agus gach ceann de na heagraíochtaí eile a rabhamar ag obair leo i rith na bliana.

Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas NSAI a chur in iúl don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD, don Aire Gnó agus Fostaíochta, Ged Nash T.D. agus a gcomhghleacaithe sa Roinn as an tacaíocht a thug siad do NSAI le linn 2014.

Mar fhocal scoir, i gcomhréir le forálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI), 1996, thar ceann an Bhoird agus an Údaráis, cuirim faoi bhur mbráid an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014.



**Julie O'Neill**  
Cathaoirleach

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



Bliain ríthábhachtach arb ea 2014 do NSAI, bliain inar leanamar ar aghaidh á gcur féin in oiriúint do dhálaí geilleagracha a bhí ag athrú, ón mborradh go dtí an tobchliseadh go dtí an téarnamh, agus muid dírithe ar feadh an ama sin ar thimpeallacht a chruthú inar féidir le gnólachtaí feidhmiú agus fás.

## 2014 – Uair na Cinniúna

Bliain ríthábhachtach arb ea 2014 do NSAI, bliain inar leanamar ar aghaidh á gcur féin in oiriúint do dhálaí geilleagracha a bhí ag athrú, ón mborradh go dtí an tobchliseadh go dtí an téarnamh, agus muid dírithe ar feadh an ama sin ar thimpeallacht a chruthú inar féidir le gnólachtaí feidhmiú go héifeachtach agus fás.

Is í seo an tuarascáil bhliantúil dheireanach faoi Mhoratóir an Rialtais ar Earcaíocht agus sa ré laghdaithe méide, mar atá corpraithe sa Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014, a bhfuil sé ina aidhm leis seirbhís phoiblí a chur chun cinn a bheidh níos barainní, níos comhtháite, níos spreagtha ag an teicneolaíocht agus níos dírithe ar an gcustaiméir, agus ar féidir léi cion a dhéanamh maidir le téarnamh geilleagrach na tíre. Le cúig bliana anuas, rinne NSAI a chuid maidir le costais agus líon na mball foirne a laghdú, a mhéid gur laghdaíodh ár líon foirne ó 203 in 2008 anuas go dtí 141 faoi dheireadh na bliana 2014, taobh le laghdú comhuaineach 30% ar an gcistíú ón Stát.

Le linn an ama sin, choinníomar ár leibhéal seirbhíse mar a bhí siad, agus fiú chuireamar roinnt tionscnamh nua ar bun, gan amanna seirbhíse a bheith ní b'fhaide ionas nach mbeadh aon chaillteanas i gceist don lucht tionscail. Agus muid ag triail a bheith inár n-eiseamláir do chomhlachtaí poiblí maidir le cur i bhfeidhm an chaighdeáin ISO 9001 um chóras bainistíochta cáilíochta, leathnaíomar an deimhniú áirithe sin go dtí ár gcuid rannóga Méadreolaíochta Dlí agus Airgeadais ionas go bhfuil gach réimse de NSAI is féidir a dheimhniú deimhnithe anois. Sa chomhthéacs céanna, ghlacamar go fonnmhar le clár an-ghníomhach LEAN/feabhais oibríochtúla ar fud na heagraíochta. Bhí sé sin ina chabhair dúinn maidir leis an tseirbhís a thugaimid a chaomhnú in ainneoin laghdaithe ar líon na ndaoine atá ag obair linn agus saineolas speisialaithe a bheith caillte againn de bharr baill foirne shinsearacha a bheith ag dul ar scor.

## Ag Breathnú Chun Cinn

Tá an earnáil tógála tithíochta sa tír seo ina léiriú maith ar conas is féidir le tionscal iomlán athrú ag brath ar chúinsí geilleagracha. Roimh an gcor chun donais, bhíodh líon mór táirgí foirgníochta nuálacha nua atá ag teacht ar mhargadh na hÉireann agus iad ceadaithe trí sheirbhís agrément NSAI, ach stop an próiseas sin, geall leis, in 2009.

Tá NSAI an-ghníomhach maidir le caighdeáin a scríobh chun tacú le rialacháin ón Roinn Comhshaoil, caighdeáin atá tagtha chun cinn le bheith ar cháilíocht an-ard de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta. Ag an am céanna, léiríodh easnamh i rialú foirgníochta trí chásanna den droch-chleachtas tógála nuair a bhí borradh faoin ngeilleagar. I rith na tréimhse sin, bhí an deis ag na húdaráis na rialacháin rialaithe foirgníochta a fheabhsú agus iad a dhéanamh ní ba dhoichte. Is é an toradh a bhí air sin go bhfuil rialacháin tógála ardchaighdeáin ann anois, le tacaíocht ó chaighdeáin NSAI. Tá rialacháin níos daingne rialaithe foirgníochta againn anois atá tugtha isteach ag an rialtóir, ionas gurb amhlaidh faoi dheireadh na bliana 2014 go bhfuil an tionscal foirgníochta san áit cheart chun tosú as an nua.

Comhartha soiléir go raibh an geilleagar ag teannadh i dtreo fáis arbh ea an tsuim ollmhór in imeachtaí tionscal. Bhí líon níos mó daoine i láthair ag beagnach gach ceann de na himeachtaí a bhí ar siúl againn i mbliana – os cionn 1,600 duine san iomlán – ná mar a raibh súil leis agus dealraíonn sé go leanfar leis an treocht sin in 2015. Ní hionann é sin in aon chor agus an tréimhse ó 2007 ar aghaidh nuair ab amhlaidh, fiú amháin dá mbeadh an t-am ag daoine chun dul go dtí comhdhálacha agus seimineáir, go raibh siad ró-ghnóthach ag triail a gcuid gairmeacha a thabhairt slán. Bliain múscaile is ea 2014, bliain ina bhfuil an stoirm caite againn agus ina mbraithimid go tobann nach mór dúinn gníomhú go tapa agus a chinneadh cé na caighdeáin agus cén cleachtas teicniúil atá úrscothach.

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

## Buntáiste na Gníomhaíochta Luaithe

Sa chomhthéacs sin, gníomhaíocht shuntasach i rith na bliana seo caite a bhí san ullmhúchán i gcomhair athbhreithnithe tábhachtacha ar ISO 9001 agus 14001, caighdeán um chóras bainistíochta cáilíochta agus caighdeán um chóras bainistíochta comhshaoil faoi seach, atá i gcéimeanna deiridh a dtáirgthe agus a bheidh le foilsiú gar do dheireadh 2015. Tá na caighdeáin sin thar a bheith tábhachtach. Tá 1.1 milliún deimhniú beo ag ISO 9001 as féin i 170 tír ar fud an domhain, agus, thart ar uair amháin gach deich mbliana, déantar nuashonrú mór air ionas go mbeidh 9001 ag teacht leis an dea-chleachtas nua-aimseartha. Bíonn tionchar ollmhór ag caighdeán athraithe ar an tionscal i ngach uile áit, gan trácht ar an tionchar straitéiseach agus an tionchar ar an bhfealsúnacht bainistíochta maidir le comhardú na dtosaíochtaí a ndéanfar a choigeartú leis an dea-chleachtas is déanaí i dtaobh conas is ceart gnó a reáchtáil.

De bharr ollchóiriú a bheith á dhéanamh ar na caighdeáin sin, tá deis gníomhaíochta luaithe ann do chuideachtaí Éireannacha, go háirithe cinn bheaga, más rud é gur féidir leo na hathruithe nua a thuiscint, glacadh leo agus iad a chur i bhfeidhm go tapa. Ar an gcaoi sin is féidir leo buntáiste iomaíoch nach beag a bheith acu ar feadh roinnt blianta fad agus a mbeidh a gcuid iomaitheoirí ag teacht suas leo.

Bíonn Éire i gcónaí ar thús cadhnaíochta maidir leis an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm trí na caighdeáin idirnáisiúnta a bhíonn ag teacht chun cinn agus bhí sí chun tosaigh maidir le ISO 9000 a ghlacadh nuair a tháinig sé amach ar dtús. Ionas go bhféadfadh lucht tionscail na hÉireann leas iomlán a bhaint as an deis seo atá ann faoi láthair, bhíomar inár n-óstaigh ag 140 saineolaí gnó ó 40 tír i nGaillimh ar feadh seachtaine i mí na Samhna. Ba é an cuspóir a bhí againn go mbeadh na speisialtóirí sin ó gach cearn den domhan ag dul i dteagmháil le gnóthaí baile ionas go dtabharfaidís rochtain luath dóibh ar an gcaighdeán agus ar na daoine a scríobh é. Thug sé seo luath-thuiscint dhomhain dóibh ar an smaointeoireacht ba bhonn leis na hathbhreithnithe d'fhonn a bheith in ann iad chur i bhfeidhm chun a dtairbhe féin ina gcuid oibríochtaí.

Ar an gcaoi chéanna, reáchtáil Deimhniúchán NSAI um Fheabhas Gnó sraith seónna bóthair i rith na bliana seo caite, a thaistil go Gaillimh, Luimneach, Sligeach, Port Láirge, Corcaigh agus Baile Átha Cliath, áit ar chuireamar breis is 400 ionadaí ó ghnólachtaí áitiúla ar an eolas faoi na hathruithe a dhéanfar go luath ar phríomhchaighdeán an domhain.

Ó chur i bhfeidhm na gcaighdeán go dtí obair cheannródaíoch a dhéanamh i leith a bhforbartha, tá NSAI tar éis caighdeán Éireannach a seoladh, I.S. 399: Bainistíocht Dearaidh atá Tíosach ar Fhuinneamh, atá súil againn a bheith ina chaighdeán Eorpach agus ina chaighdeán idirnáisiúnta amach anseo. Is é seo an dara huair ag SEAI agus NSAI ag obair i gcomhpháirt lena chéile chun Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh a ullmhú, tar éis dóibh I.S. 393 a fhoilsiú, an chéad cheann dá leithéid ar fud an domhain agus réamhtheachtaí ISO 50001 an lae inniu. Leis an gcomhoibriú sin agus le foilsiú I.S. 399, is amhlaidh a threiseofar seasamh na hÉireann mar cheannaire domhanda maidir le caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh.

## Fócas ar FBManna

I ngné eile den rannpháirtíochta leis an tionscal, bhíomar thar a bheith sásta a fheiceáil gur tháinig méadú ar líon na gclárúcháin ar an tairseach ar líne Your Standards, Your Say in 2014. Is seirbhís chumhachtach í seo, a bhfuil fáil éasca uirthi agus nach bhfuil cuideachtaí ag baint leasa as a hacmhainneacht iomlán go fóill, agus táimid á áitiú ar FBManna go háirithe leas a bhaint as an tairseach ar mhaithe lena gcuid leasanna gnó féin. Ar Your Standards, Your Say, is féidir le cuideachtaí a n-ionchur luachmhar féin a chomhroinnt, mar aon lena gcuid rannpháirtíochta gníomhaí sa phróiseas forbartha caighdeán trí áis aiseolais éifeachtach.

Cúis mhisnigh dúinn freisin arb ea torthaí an tsuirbhé ar pháirtithe leasmhara de chuid na gClár AE do Thaighde agus don Nuálaíocht, inar taifeadadh gur gnólachtaí beaga iad 40% den 1,300 saineolaí atá sásta a bheith rannpháirteach sa chaighdeánú ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta – agus tá ról lárnach ag gnólachtaí beag sa mhéid atá i ndán do gheilleagar na hÉireann agus gheilleagar na hEorpa.

Is sampla den scoth de thacaíocht NSAI do ghnólaíochtaí beaga é an caighdeán bainistíochta acmhainní daonna, Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe (SóS), a fheidhmíonn mar shuaitheantas do chuideachtaí chun a dtiomantas do dhaoine a léiriú agus a chabhraíonn leo an leas is fearr a bhaint as na buanna agus na scileanna atá acu. Nuair a bhíonn borradh faoin ngnó, mar a bhí amhlaidh in 2005, is féidir leis a bheith deacair go leor daoine maithe a fháil chun cur isteach ar phoist i gcuideachtaí beaga. De réir mar a thosóidh an margadh saothair ag éirí níos déine agus muid ag druidim le lánfhostaíocht, mar atá súil againn, sna cúig bliana atá romhainn, tá SóS ar cheann de na struchtúir a chuirfidh ar a gcumas do chuideachtaí beaga a bheith san iomaíocht do na daoine is fearr, agus, nuair a bheidh na daoine sin earcaithe, a chinntiú go rachaidh a gcuid tallann chun tairbhe an ghnó.

## Tacaíocht atá Dírithe ar Thionscal ar Leith

Tionscal eile atá ag athrú agus ina bhfuil na rialacháin ag fáil níos déine is ea tionscal na bhfeistí leighis, atá ina phríomhréimse do NSAI. Agus ár stádas mar chomhlacht den chéad ghrád dá dtabharfar fógra á dheimhniú, dhúbailomar ár ngníomhaíocht sa réimse seo in 2014 chun tacú leis an tionscal. Ós rud é gur cuideachtaí beaga iad an oiread sin de na rannpháirtithe sa tionscal feistí leighis in Éirinn, agus go bhfuil a bhformhór ar chósta thiar na tíre, d'ullmhaigh NSAI an bealach chun oifig a oscailt i nGaillimh d'fhonn comhairle theicniúil, comhairle rialacháin agus ceaduithe táirgí a sholáthar ar na cóngair.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le cláir scrúdaithe spriocdhírithe i réimse na méadreolaíochta maidir le nithe cosúil le tacsaiméadair, méadair ola agus próiseáil éisc. Anois nuair atá líon ard fógraí rabhaidh á n-eisiúint, agus níos mó fós le déanamh, tá NSAI ag obair i ndlúthpháirt le comhlachtaí seachtracha amhail an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun géilliúlacht a chinntiú.

Tá NSAI páirteach freisin i gClár Méadreolaíochta na hEorpa um Thaighde agus Nuálaíocht (EMPIR), agus é ina aidhm aige sa deireadh dul i ngleic le dúshlán Eorpacha in earnálacha cosúil leis an tsláinte, fuinneamh agus an comhshaol. Creidimid go bhfuil an obair seo maidir le tograí taighde a chur isteach i gcomhar le roinnt institiúidí tríú leibhéal ag teacht lenár straitéis agus tá áthas orainn go bhfuil togra i réimse na méadreolaíochta teirmí ar an ngearrliosta cheana lena cheadú.

## Conclúid

Ar ndóigh, ní fhéadfaí aon cheann de na héachtaí sin a dhéanamh gan tiomantas iomlán agus dúthracht dhíograiseach na foirne in NSAI a d'oibrigh trí dhálaí dúshlánacha agus lena nglacaim mo bhuíochas ó chroí. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl freisin dár gcomhpháirtithe sa tionscal agus dár gcomhpháirtithe sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus ar deireadh, do Bhord NSAI agus a lucht bainistíochta as an tacaíocht gan staonadh a thug siad dúinn agus as an obair chrua atá déanta acu.

Mar fhocal scoir, tréimhse dhearfach is ea é seo dár dtír agus muid ag aimsiú an bhóthair i bhfírinne nua an téarnaimh agus an fháis. Ní mór dúinn a chinneadh anois cén tionchar a bheidh aige sin ar chuideachtaí – cad ba cheart a bheith difriúil agus cad ba cheart dóibh a bheith ag smaoineamh faoi – agus, ar a seal, cén tionchar a bheidh aige sin ar NSAI agus conas ba chóir dúinn freagra a thabhairt ar riachtanais ghnó.



**Maurice Buckley**

*Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*



# Plean Gníomhaíochta do Phoist

Agus é ag i mbun chomhlíonadh an tiomantais atá aige don sprioc straitéiseach mheántéarmach maidir le breis is 2.1 milliún duine a bheith fostaithe faoi 2020, foilsíonn Rialtas na hÉireann Plean Gníomhaíochta do Phoist gach bliain, ina leagtar amach gníomhartha agus spriocanna soiléire chun cabhrú dálaí dearfacha a chur i bhfeidhm i leith cruthú post.

Agus é á aithint gurb iad na fiontair a chruthaíonn poist, agus nach iad rialtais, is é an cuspóir atá ann timpeallacht dhearfach a chruthú chun tacú le gnólachtaí nua-thionscanta agus le fás, onnmhairí a chothú agus tacú leis an earnáil fiontair maidir le poist a chruthú agus a chothabháil.

Bhí 385 ghníomh sa tríú phlean bliantúil, a raibh baint ag na Ranna Rialtais ar fad agus 46 cinn de Ghníomhaireachtaí leo. Cuireadh de dhualgas ar NSAI táirgí insólathartha sonracha a chur ar fáil faoi cheanteidil an mhonaraithe agus an taighde agus na nuálaíochta. Cuireadh chun críche gach ceann de na cúig bheart sin in 2014.

**Tógáil ar fhoilsiú na Treorach “SWIFT 11-2013 – Driving Competitiveness using Lean” trí bheith i mbun oibre le Fiontraíocht Éireann (FÉ), leis an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT Éireann) agus le hOifigí Fiontair Áitiúil chun cur le feachtas na gcuideachtaí i leith na Treorach Barainneachta náisiúnta sin agus a húsáide.**

Reáchtáil NSAI sé cinn de sheónna bóthair chun an Treoir Bharainneachta a chur chun cinn i mí an Mheithimh 2014, i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Gaillimh, Sligeach, Corcaigh agus Port Láirge, agus d'fhreastail 433 dhuine san iomlán ar na himeachtaí sin. Sa chéad leath den bhliain, reáchtáil FÉ 12 chomhdháil/fhóram inar cuireadh coincheap na Barainneachta chun cinn do líon iomlán 1,211 duine. Sa dara leath de 2014, chuir NSAI agus FÉ araon chun cinn coincheap na Barainneachta ag Comhdháil Cháilíochta NSAI i nGaillimh, ag a raibh breis is 110 nduine i láthair. Chuir FÉ an obair sin chun cinn trí Fhóram na gComhairleoirí i bPointe an Oirthir, áit a raibh 80 comhairleoir i láthair, le tacaíocht ó NSAI.

Tá NSAI ag leanúint ar aghaidh ag obair le FÉ agus tá bróisiúr simplí faoi chaighdeán curtha ar fáil aige do gach ceann de na 31 Oifig Fiontair Áitiúil ar fud na tíre. Míntear sa bhróisiúr sin conas is féidir le caighdeán a bheith cuidiúil maidir le táirge agus seirbhís a fhorbairt agus conas is féidir leis an Treoir Bharainneachta cuidiú le cuideachtaí a bheith níos táirgiúla agus níos iomaíche, chomh maith le haird a dhíriú ar an Treoir Nuálaíochta (Swift 11).

Agus é ag sainiú cé na gníomhaíochtaí caighdeánaithe nua agus na cinn atá ann cheana a thacaíonn le nuálaíocht agus le taighde ar chun leasa na tíre iad, agus é i mbun rannpháirtíochta le gníomhaireachtaí tacaíochta ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le líonraí saineolaithe a chruthú i réimsí sainitheanta, tá dul chun cinn déanta ag NSAI maidir leis an ngníomhaíocht atá ar bun aige i ndáil leis an mbithbhaincéireacht (faoi mbiteicneolaíocht) agus an teileachumarsáid in 2014.

I mí na Bealtaine, rinne NSAI comh-óstáil ar sheimineár maidir le caighdeánú teileachumarsáide leis an Institiúid Eorpach um Chaighdeánú Teileachumarsáide (ETSI) chun cuidiú le cuideachtaí atá ag teacht chun cinn in earnáil na teileachumarsáide rochtain a fháil ar chomhlachtaí caighdeán speisialaithe.

Tá Lárionad na hÉireann um Thaighde Aistritheach Féatais agus Nua-naíoch i gColáiste na hOllscoile Corcaigh i mbun taighde i réimse na bithbhaincéireachta agus ní mór dó caighdeán a nglactar leo go hidirnáisiúnta a fhorbairt. I mí na Bealtaine freisin, ghlac NSAI agus UCC páirt sa chéad chruinniú iomlánach den ISO TC 276 ar an mbithbhaincéireacht, i mBeirlín. Ag eascairt ón gcruinniú sin, tá sé sainitheanta ag NSAI go bhfuil gá le rannpháirtíocht níos leithne de chuid na hÉireann agus tá sé tar éis dul i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara eile ón tionscal. I mí na Nollag 2014, d'fhreastail tríúr saineolaithe Éireannacha ar chruinniú ISO TC 276 na meithleacha oibre don bithbhaincéireacht.

**Rannpháirtíocht na hÉireann a fhorbairt i ngníomhaíochtaí tábhachtacha domhanda um chaighdeánú lena dtacaítear leis an nuálaíocht agus an taighde.**

Dul i mbun rannpháirtíochta le FÉ, GFT Éireann, Oifigí Fiontair Áitiúil, eagraíochtaí ionadaíocha an tionscail, lucht acadúil, comhairleoirí agus an tionscal chun a chinneadh an bhfuil sé indéanta caighdeán a fhorbairt i leith na Barainneachta.

Tacú le nuálaíocht i dtaobh feistí leighis agus le taighde chun an t-aga tionscanta chun an margadh a laghdú i gcás táirgí nua agus táirgí nuálacha trí chúnamh a thabhairt i ndáil le tabhairt isteach córais bainistíochta cáilíochta rialála in ionad nuálaíochta amháin.

Úsáid na gcórais bainistíochta gnó a chothú trí bhunú scéime gradaim náisiúnta do na gnólachtaí is fearr ina n-aicme.

D'ullmhaigh NSAI suirbhé agus leithdháileadh é do bhreis is 500 cliant de chuid FÉ agus 105 cliant de chuid NSAI.

Chun tacú leis an ngníomh sin, rinne FORFÁS meastóireacht ar chlár na nGníomhaireachtaí Forbartha lena n-áirítear tionchar Chláir na Tairisceana do Ghnólachtaí Barainneacha de chuid FÉ. Faoi láthair, tacaíonn an anailís ar na torthaí sin leis an ngníomh seo. Léirítear i dtorthaí na meastóireachta neamhspleáiche seo gur thuairiscigh 77% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu feabhas ar tháirgiúlacht agus/nó méaduithe acmhainne agus gan tionchar aige sin ar phoist. Bhí tionchar an-dearfach (40%) ar dhíolacháin freisin; bhí costais aonaid laghdaithe 24% agus thuairiscigh 50% de na freagróirí go bhfuil cultúr feabhsúcháin gnó curtha ar bun ina gcuideachta.

Tá NSAI tiomanta do mheasúnú a dhéanamh ar an eolas a fuarthas de bharr thabhairt isteach an chaighdeáin um chóras bainistíochta cáilíochta san ionad píolótach, agus ar a éasca a bhí sé an caighdeán sin a chur i bhfeidhm, chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht i dtaobh é a thabhairt isteach freisin in ionaid nuálaíochta ábhartha den chineál céanna (NSAI/Fondúireacht Eolaíochta Éireann).

Ón rannpháirtíocht le grúpa nuálaíochta píolótach san Innealtóireacht Leictreach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, tá sé measúnaithe go sáraíonn ceanglais I.S. EN ISO 13485 riachtanais na ngníomhaíochtaí nuálaíochta, agus cé go bhfuil gá leo, nach maith a oireann siad dá gcuspóir.

Déantar sainiú in I.S. EN ISO 13485 ar na ceanglais i ndáil le Córas Bainistíochta Cáilíochta i dtaobh dearadh, monarú agus suiteáil Feistí Leighis, agus tá Ionaid Nuálaíochta ag déanamh iniúchadh ar choincheapa as a n-eascraíonn dearadh, forbairt agus staidéir chliniciúla.

Cé gurb é comhlíonadh cheanglais an chaighdeáin seo an sprioc dheiridh, tá sé sainaitheanta sa staidéar píolótach go bhfuil gá le doiciméad treorach mionsonraithe chun tuilleadh sonraí a chur ar fáil i leith na gcéimeanna atá le glacadh, ón gcoincheap trí na trialacha cliniciúla chuig comharthaí CE. Ba cheart treoir den sórt sin a chomhchuihbhiú go hiomlán agus í a bheith ag luí leis na codanna ábhartha den chaighdeán, ach i bhfad níos mó sonraí agus treoir spriocdhírthe a chur ar fáil don aonán atá ag teacht chun cinn as an ionad nuálaíochta.

Le linn 2015, breithneoidh NSAI an cás gnó maidir le treoir den sórt sin a fhorbairt agus í a fhoilsiú i riocht SWiFT nó foilseachán féideartha eile. D'áireofaí leis na páirtithe leasmhara i gcomhoibriú den sórt sin Ionaid Nuálaíochta, seirbhísí Comhlachtaí dá dTugtar Fógra, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, Molecular Medicine Ireland, Fiontraíocht Éireann agus eagraíochtaí eile.

Óstáladh na Gradaim um Fhorbairt Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe den chéad uair i mBaile Átha Cliath ar an 4 Nollaig 2014. Is é an tAire Gnó agus Fostaíochta, Ged Nash TD, a bhronn na gradaim náisiúnta, ag imeacht ag a raibh breis is 130 duine i láthair. Bhí ceithre chatagóir i gceist mar aon le gradam foriomlán amháin:

**Catagóir 1** / Cuideachtaí ina bhfuil idir 1 agus 250 fostaí: Olive Media

**Catagóir 2** / Cuideachtaí ina bhfuil idir 251 agus 750 fostaí: Version 1

**Catagóir 3** / Cuideachtaí ina bhfuil idir 751 agus 2000 fostaí: An tSeirbhís Chabhlaigh

**Catagóir 4** / Cuideachtaí ina bhfuil breis is 2000 fostaí: EMC

**An Gradam Foriomlán um Fhorbairt Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe:** Version 1

Le haghaidh 2015, beidh NSAI ag déanamh athbhreithniú ar rath agus tionchar na ngradam náisiúnta i gcomhthéacs ócáid bhliantúil a fhorbairt.

# Caighdeáin

Is ionann caighdeáin agus sainmhínithe nó sonraíochtaí comhaontaithe i leith aonad, modhanna, táirgí, próiseas nó seirbhísí, lena soláthraítear bonn comhthuisceana do dhaoine agus d'eagraíochtaí, agus a n-úsáidtear mar uirlisí chun cumarsáid, tomhais, tráchtáil agus monarú a éascú. Trí chaighdeáin a chruthú agus deimhniú a dhéanamh ina leith, cruthaítear machaire réidh do ghnólachtaí Éireannacha atá i mbun trádála sa bhaile agus thar lear. Cabhraíonn na caighdeáin chun an trádáil idirnáisiúnta a éascú agus feabhsaíonn siad muinín an tomhaltóra i dtáirgí agus seirbhísí.

## 23,000

CAIGHDEÁN INÁR  
LEABHARLANN



ROCHTAIN AR

**4,606**

MHÍR GHNÍOMHACHA  
OIBRE EORPACH  
THAR 18 RÉIMSE  
GNÓ



**1,529**

GCAIGHDEÁN  
FOILSITHE  
IN 2014





# Caighdeáin (continued)

Ina cháil mar an Comhlacht um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann a bhfuil aitheantas domhanda aige, éascaíonn NSAI don tionscal dúchasach agus do rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt caighdeán ábhartha ar leibhéal na hÉireann, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Déanann sé an méid sin trí dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara éagsúla chun foirmlíú a dhéanamh ar ionchur náisiúnta na hÉireann i bpróisis idirnáisiúnta um chaighdeánú.

## Comhchomhairliúchán

An líonra coistí comhairleacha, arna gceapadh faoi alt 10 den Acht NSAI 1996, cuireann sé comhairle ar NSAI i dtaca le cé na caighdeáin agus cóid Éireannacha tá riachtanach, dréachtaíonn sé na caighdeáin, na cóid chleachtais agus na leasuithe cuí, agus cinntíonn sé go dtéitear i gcomhairle leis na páirtithe ábhartha.

Tríd an tairseach ar líne ‘Your Standards Your Say’, déantar comhlánú ar phróiseas comhairliúcháin na gcoistí i dtaobh caighdeán a tháirgeadh agus a fhoilsiú. Trí bhithin na tairisí, is féidir le FBManna rannchuidiú le forbairt na gcaighdeán ina réimsí speisialtacha féin, rud a fhágann gur féidir leo aistriú ó ‘glacadóirí caighdeán’ go ‘déantóirí caighdeán’ agus fás a gcuid gnólaachtaí a threisiú. Tháinig méadú 29% ar an líon úsáideoirí a bhí cláraithe leis an áis aiseolas sin ó 1,240 in 2013 go dtí 1,600 in 2014.

I gcásanna nach ndéantar freastal ar riachtanais na hÉireann sna haschuir chaighdeánaithe ar an leibhéal Eorpach agus an leibhéal idirnáisiúnta, téann NSAI i mbun comhairliúcháin cuí ar an leibhéal náisiúnta d’fhonn caighdeán a fhorbairt agus a fhoilsiú a bheidh ábhartha don gheilleagar intíre.

Trí ghlacadh le caighdeáin a aithnítear ar fud an domhain agus trí bheith ar thús cadhnaíochta maidir le caighdeáin nua, bíonn gnólaachtaí Éireannacha in ann leas a bhaint as buntáiste an chéad ghníomhaí, a chuidíonn le fás faoi threoir onnmhairí trí rochtain níos fearr ar mhargáí agus slabhraí soláthair na hEorpa agus an domhain.

Ina theannta sin, is gné lárnach iad na caighdeáin sa phróiseas nuálaíochta i dtaobh cuidiú le gnólaachtaí buntáiste iomaíoch a bhaint as smaointe nua trí tháirgí, múnlaí gnó, struchtúir eagraíochta agus cleachtais oibre úra a chódú, a ghabháil agus a thráchtáil.

## Fíricí agus Figiúirí na bliana 2014

I rith 2014, d’fhoilsigh NSAI 1,450 caighdeán san iomlán, idir chaighdeáin Eorpacha agus chaighdeáin Éireannacha, agus é ag cur le leabharlann ina bhfuil thart ar 23,000 caighdeán. Cé gur caighdeáin Eorpacha ghlactha iad a bhformhór, d’eisigh NSAI roinnt Caighdeán Éireannach nua nó leasuithe ar iarscríbhinní náisiúnta ar na Eorachóid agus na Moltaí Caighdeán, a ndéileáiltear go sonrach iontu le cúrsaí caighdeánaithe na hÉireann. Ina measc siúd bhí caighdeáin maidir le suiteálacha baile gáis, cianmhonatóireacht ar chórais CCTV, agus cód cleachtais le haghaidh iarfheistithe atá tíosach ar fhuinneamh ar theaghaisí atá ann cheana féin.

Maidir lena rangú i réimse na hEorpa, tá Éire tagtha dhá áit chun cinn ón mbliain 2013 agus tá sí sa 6ú háit as 33 tír anois, agus níos mó ná 99% bainte amach aici i dtaobh chur i bhfeidhm CEN-CENELEC EN/HD [Doiciméad Eorpach Caighdeánach/ Comhdhlúithe] in aghaidh na tíre. Ina cháil mar bhall de na hEagraíochtaí Eorpacha sin um Fhorbairt Caighdeán, tá rochtain láithreach ag NSAI ar an smaointeoireacht is nuaf agus is úrscothaí maidir le forbairt caighdeán.

Bhí iomlán de 4,606 mhír oibre ghníomhacha thar 18 réimse gnó sa chlár forleathan Eorpach um chaighdeánú in 2014, ar féidir le NSAI ionchur luachmhar a chur ar fáil dóibh mar aon le rochtain orthu, agus is ríthábhachtach é an clár sin don timpeallacht trádála in Éirinn. Cibé an é an tionscal pacáistithe atá i gceist nó an tionscal iompair, nó tionscal ar bith sa réimse sin, tá sé ríthábhachtach do gach earnáil a bheith eolach air sin agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar chora a bhféadfadh tionchar díreach a bheith acu ar a gcuid táirgí agus seirbhísí.

Cé go bhfágann cineál leathan an phróisis comhairliúcháin idirnáisiúnta go bhfuil achar ama nach beag i gceist maidir le forbairt agus foilsiú caighdeán, is amhlaidh go bhfuil laghdú tagtha ar an achar ama go dtí céim an fhoilsiú i gcás na gcaighdeán Eorpach, ó níos mó ná cúig bliana in aghaidh an táirge insoláthartha in 2006 go dtí beagán os cionn dhá bhliain in 2014.

Ar leibhéal baile an phróisis caighdeánaithe, bhí 1,300 rannpháirtí deonach agus 1,600 úsáideoir cláraithe de chuid thairseach ar líne NSAI ‘Your Standards Your Say’, taobh le 32 thionscadal náisiúnta ghníomhacha. Gineadh breis is €960,000 ioncaim, ó dhíol 14,000 caighdeán den chuid ba mhó, méadú 4,000 i gcomparáid le 2013, agus díoladh 4,000 díobh in Éirinn aisti féin.

“Tá rannpháirtíocht na hÉireann sa chaighdeánú Eorpach thar a bheith tábhachtach mar tugann sí struchtúr breise agus sainábhair breise do na caighdeáin Éireannacha. Faigheann tionscal na hÉireann eolas nach beag trí idirghníomhú le saineolaithe Eorpacha eile agus is luachmhar é an t-eolas teicniúil comhthiomsaithe sin nuair a bhíonn caighdeáin á bhforbairt ar an leibhéal náisiúnta.”

**David Hughes, Bainisteoir um Oiliúint Theicniúil, Forbairt agus Seachadadh, Líonraí Gáis Éireann agus Cathaoirleach CEN TC 234 Línte Seirbhíse Gáis WG 10**



## Caighdeáin Eorpacha & Caighdeáin Éireannacha ar Glacadh leo nó a Foilsíodh in 2014

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014

|           | Caighdeáin | Leasú I.S. | Ceartúchán | Leasú | S.R. | Bileog Léirmhínte | Iarscríbhinn Náisiúnta | SWiFT |
|-----------|------------|------------|------------|-------|------|-------------------|------------------------|-------|
| CENELEC   | 349        | 0          | 13         | 54    | 19   | 11                | 0                      | 0     |
| CEN       | 768        | 24         | 18         | 32    | 150  | 0                 | 0                      | 0     |
| ISO/IEC * | 0          | 0          | 0          | 0     | 0    | 0                 | 0                      | 0     |
| NSAI      | 2          | 4          | 3          | 0     | 2    | 0                 | 1                      | 0     |
| Iomlán    | 1119       | 28         | 34         | 86    | 171  | 11                | 1                      | 0     |

Líon iomlán na n-eagrán nó na n-athbhreithnithe nua = 1,291

\* D'fhoilsigh ISO 1468 ndoiciméad agus d'fhoilsigh IEC 487 ndoiciméad in 2014. Glacadh go leor díobh sin mar Shonraíochtaí Eorpacha agus tá siadsan san áireamh sna figiúirí thuas i leith CEN/CENELEC.

Caighdeán – Caighdeán na hÉireann (I.S.) – sonraíocht náisiúnta atá bunaithe ar chomhdhearadh painéil saineolaithe, faoi réir comhairliúcháin poiblí agus arna foilsiú ag NSAI amháin. Caighdeán Eorpach (EN) – caighdeán arna ghlacadh ag CEN/CENELEC, a bhfuil oibleagáid ag gabháil leis maidir lena chur chun feidhme mar chaighdeán náisiúnta comhionann chomh maith le tarraingt siar na gcaighdeán náisiúnta a thagann salach air. Nuair a bhíonn Caighdeán Eorpach glactha ag NSAI, foilsítear Caighdeán Eorpach mar I.S. EN.

Ceartúchán – Doiciméad lena ndéantar forlónadh ar leagan teanga amháin, dhá cheann, nó gach ceann de na trí cinn (Béarla, Fraincis agus Gearmáinis) d'fhoilseachán CEN/CENELEC, ina gceartaítear botún nó débhríocht amháin nó níos mó a tugadh isteach de thaisme agus é á dhréachtú nó á phriontáil, agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cur i bhfeidhm mícheart nó cur i bhfeidhm neamh-shábháilte ar na leaganacha sin.

Leasú – Doiciméad forlontach daingnithe i leith EN (agus Doiciméad Comhchuibhithe (HD) le haghaidh CENELEC) arna scaipeadh cheana ar chomhaltáí náisiúnta CEN/CENELEC lena chur chun feidhme sna tíortha, atá le léamh i gcomhar leis an EN/HD sin agus lena n-athraítear nó lena gcuirtear le forálacha teicniúla atá comhaontaithe roimhe sin san EN/HD sin.

S.R. – Is ionann Moladh Caighdeánach (S.R.) agus doiciméad moltaí atá bunaithe ar chomhdhearadh painéil saineolaithe agus atá faoi réir comhairliúcháin poiblí.

Bileog Léirmhínte – Is ionann í seo agus bileog fhoilsithe ina dtugtar léirmhíniú ar chaighdeán CENELEC. I bprionsabal, bíonn caighdeán CENELEC scríofa sa chaoi is nach gá don úsáideoir é a léirléamh. Mar sin féin, is amhlaidh i gcás na bpáirtithe atá i gceist i dtaca le húsáid na gcaighdeán, amhail monaróirí, lucht deimhne agus reachtóirí, go mbíonn a léargas féin acu ar na caighdeáin agus nach i gcónaí a thuigeann siad an intinn is bonn leis na caighdeáin. Dá bhrí sin, iarrann an Comhlacht Teicniúil atá freagrach as an gcaighdeán foilsithe ar CCMC (Ionad Bainistíochta CEN/CENELEC) Bileog Léirmhínte a eisiúint, tar éis nós imeachta cuí formheasa, agus is é an cuspóir a bhíonn ag an mbileog sin soiléiriú a dhéanamh ar bhrí nó ar intinn coda ar leith den chaighdeán.

Iarscríbhinn Náisiúnta – Gné fhorlíontach a chuirtear le cúl Caighdeáin Eorpaigh arna ghlacadh (le cuspóir faisnéiseach de ghnáth) chun cabhrú leis an léitheoir an Caighdeán a thuiscint agus é a fhágáil níos éasca é a chur chun feidhme. Is féidir go mbeadh faisnéis inti a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht um Chaighdeáin Náisiúnta ábhartha.

SWiFT – Is ionann Sonraíocht Scríofa ar an Modh Mear (SWiFT) agus doiciméad moltaí arna fhorbairt go tapa atá bunaithe ar chomhdhearadh rannpháirtithe i gceardlann NSAI.

### Foilsíodh na doiciméid Náisiúnta seo a leanas in 2014:

I.S. 201-4:2013/AC2:2014

Polyvinyl Chloride Insulated Cables of Rated Voltages up to and including 450/750V – Part 4: PVC and Low Smoke Halogen Free Sheathed cables for fixed wiring

I.S. 265:2000+A1:2014

Installation of Gas Service Pipes – Parts 1 and 2 (An Ceathrú hEagrán) (lena n-áirítear leasú Uimh. 1)

I.S. 399:2014

Energy Efficient Design Management – Requirements with guidance for use

I.S. 440:2009+A1:2014

Timber frame dwellings

I.S. 813:2014

Domestic Gas installations

I.S. 813:2014/AC1:2014

Domestic gas installations (Eagrán 3)

I.S. 813:2014/AC2:2014

Domestic gas installations (Eagrán 3)

NA:2010+A1:2014 to I.S.

EN 1996-1-1:2005+A1:2012

Revision to the National Annex to I.S. EN 1996-1-1 (Eurocode 6 – Design of masonry structures Part 1-1: General rules for reinforced and unreinforced masonry structures).

S.R. 21:2014

Guidance on the use of I.S. EN 13242: 2013 – Aggregates for unbound and hydraulically bound materials for use in civil engineering work and road construction

S.R. 325:2013+A1:2014

Recommendations for the design of masonry structures in Ireland to Eurocode 6

S.R. 45:2013+A1:2014

Remote monitoring of CCTV systems

S.R. 54:2014

Code of practice – Methodology for the energy efficient retrofit of existing dwellings

## Taighde agus Nuálaíocht

Le roinnt blianta anuas, tá aitheantas níos mó agus níos mó tugtha do ról an chaighdeánaithe mar dhroichead idir gníomhaíochtaí taighde agus an margadh, ag institiúidí an AE agus ag páirtithe leasmhara Taighde & Forbartha (T&F) araon.

Dá bhrí sin, tá níos mó agus níos mó glaonna faoi Chlár an AE um Thaighde agus Nuálaíocht – FP7 – ina n-aithnítear an caighdeánú mar ghníomhaíocht thábhachtach, mar tháirge ineachadta nó mar thoradh ionchais i gcás tionscadail fhéideartha. Faoi Fhís 2020, clár reatha an AE maidir le T&F, tugadh isteach critéir nua don mheasúnú, Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta (LRT) agus ní mór tagairt a dhéanamh do Chaighdeáin anois in iarratais den sórt sin.

In 2014, rinne NSAI suirbhé i measc páirtithe leasmhara faoi Fhís 2020 agus FP7 i measc 1,300 saineolaí, a ghlac páirt ar bhonn deonach

sa chaighdeánú trí NSAI ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal idirnáisiúnta. Léirítear sna torthaí ó na 235 fhreagróir go raibh 72% díobh ar an eolas maidir leis an dá chlár Eorpacha, agus go raibh 44% díobh tar éis iarratas a dhéanamh ar chistiú faoi na tionscnaimh nuálaíochta. Maidir le méid gnó, léiríodh sa mhiondealú gur bheag nárbh ionann an céatadán (40%) FBManna a bhfuil 50 fostaí nó níos lú acu agus céatadán na n-eagraíochtaí ina bhfuil níos mó ná 250 ball foirne, agus ba iad na fiontair mheánmhéide a bhí i gceist leis an 20% eile. Dhearbhaigh níos mó ná leath na bhfreagróirí go raibh rannóg T&F ina n-eagraíocht. Ba iad na tionscail ba mhó a bhí le sonrú sa suirbhé an innealtóireacht, an chomhairleoireacht, dearadh agus forbairt, fuinneamh, foirgníocht agus seirbhísí, arbh iad cuideachtaí TFC agus fóntais a bhformhór.

# Caighdeáin (continued)

Tugann na torthaí seo misneach dúinn ó thaobh rannpháirtíocht na ngnólachtaí beaga, a mbeidh ról rithábachtach acu i ngeilleagar na hÉireann agus i ngeilleagar na hEorpa san am atá le teacht. Tugann NSAI spreagadh gníomhach dóibh a bheith páirteach sa phróiseas forbartha caighdeáin agus leanann sé ar aghaidh ag cur chun cinn an ionchuir luachmhair uathu tríd an tseirbhís 'Your Standards Your Say'.

## Comhoibriú

Tá seoladh I.S. 399: Bainistíocht Dearaidh atá Tíosach ar Fhuinneamh (riachtanais agus treoirlínte maidir lena n-úsáid), atá ina thoradh ar chomhoibriú idir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, NSAI agus lucht tionscail, ar an gcéad cheann dá leithéid in aon áit ar domhan agus neartóidh sé seasamh na hÉireann mar thír atá amuigh chun tosaigh ar domhan i dtaobh caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh. Leis an gcaighdeán, déanta leabú ar an mbreithniú ar chúrsaí fuinnimh ó chéim tionscanta tionscadal infheistíochta nua, rud a dhéanann íoslaghdú ar an ídiú fuinnimh ar feadh a saolré agus a spárálann airgead nach beag ar an tionscal. Tá cuideachtaí ar leibhéal domhanda amhail Diageo, Eli Lilly, GSK, Astellas agus Pfizer i mbun an phróisis dearaidh a chur chun feidhme faoi láthair, agus spárálfaidh iad na milliúin euro i gcostas fuinnimh dá bharr.

Maidir le hathbheithnithe ar Chaighdeáin Éireannacha áirithe a mhíniú, d'fhreastail thart ar 200 duine ar Sheimineár Sábháilteachta Dóiteáin ag tús mhí Aibreáin in Óstán an Carlton chun foghlaim faoi na hathruithe a rinneadh ar I.S. 3217 agus 3218 i dtaobh soilsíú éigeandála agus brath dóiteáin agus córais aláirim i gcomhair foirgneamh faoi seach. Sa chéad cheann de na caighdeáin sin, tugtar ceanglais maidir le léiriú soiléir ar bhealaí éalaithe, an t-íosleibhéal soilsiithe agus an t-achar íosta feidhme le haghaidh soilsíú éalaithe éigeandála i gcás theip an tsoláthair cumhachta go dtí na gnáthshoilse, agus tugtar ceanglais agus moltaí sa dara ceann maidir le pleanáil, dearadh, suiteáil, coimisiúnú, seirbhísiú agus cothabháil córas brath dóiteáin agus córas aláirim in áitribh, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear chun críocha cónaithe nó áitribh bhaile.

An mhí dar gcionn, ag seimineár saor in aisce de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chaighdeánú Teileachumarsáide/NSAI a bhí ar siúl i Mullach Idé, labhair cainteoirí ón tionscal le lucht féachana ina raibh 45 dhuine faoin tsli inar féidir an rannpháirtíocht sa chaighdeánú a úsáid mar bhunús chun ceannaireacht teicneolaíochta, buntáiste iomaíoch agus fás cuideachta a bhaint amach.

# 1,600

ÚSÁIDEOIR  
CLÁRAITHE AR  
'YOUR STANDARDS  
YOUR SAY'



MÉADÚ  
**29%**  
AR LÍON NA  
NÚSÁIDEOIRÍ  
CLÁRAITHE



Toscairí ag Seimineár Sábháilteachta Dóiteáin NSAI i mí Aibreáin



Gerard Joyce, Coiste Comhairliúcháin NSAI um Chaighdeán Riosca agus é ag labhairt ag an gComhdháil Cháiliúchá

Ina theannta sin, comhroinneadh faisnéis faoin Tionscnamh um Chaighdeán Teileachumarsáide, scéim nuálach de chuid Fhiontraíocht Éireann atá tar éis a bheith ag cur cistiú ar fáil d'fhonn cuideachtaí Éireannacha a spreagadh chun páirt a ghlacadh san obair idirnáisiúnta um chaighdeánú Teileachumarsáide agus ról ceannasach a ghlacadh ina leith. Chomh maith le fás níos mó thar thréimhse níos faide, airítear leis na buntáistí rochtain dhíreach ar chomhpháirtithe agus custaiméirí féideartha agus faisnéis ar iomaitheoirí chomh maith le deiseanna teicniúla ar nós saineolas inmheánach a fhorbairt agus léargas ar an teicneolaíocht chaighdeánaithe, forbairt táirgí a ailíniú le forbairt caighdeán, agus a bheith in ann tionchar a imirt ar an treo a ghlacfar i dtaobh caighdeán amach anseo.

I sraith imeachtaí tráthnóna i rith na bliana i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i gCill Chainnigh tháinig thart ar 700 duine le chéile i gcomhair chur chun cinn an eagrán nua de I.S. 813, Cód Cleachtais do shuiteálacha gáis tí. Clúdaíonn an caighdeán sin suiteáil gáis nádúrtha nó gáis peitriam leachtaithe, in áitreabh baile, ón láthair seachadta go dtí an fearas gáis.

D'óstáil NSAI 15 mhór-imeacht idirnáisiúnta in Éirinn in 2014, agus ar an gceann ba mhó le rá bhí sraith seachtaine cruinnithe agus ceardlann a bhí ar siúl i mí na Samhna do níos mó ná 140 saineolaí ó 40 tír atá ag obair ar athbhreithniú na bliana 2015 ar an gcaighdeán ISO 9001 um chórais bainistíochta cáilíochta. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na tréimhse i nGaillimh tráth ar thapaigh NSAI an deis tráth a bhí na saineolaithe domhanda sin ar chúrsaí caighdeán sa tír chun seimineár tionscail a eagrú do ghnólachtaí áitiúla

Éireannacha d'fhonn an t-eolas ba dhéanaí a thabhairt dóibh faoi na hathruithe atá le teacht ar phríomhchaighdeán an domhain, atá á úsáid faoi láthair ag níos mó ná aon mhilliún cuideachta.

Thug NSAI Toscaireacht Éireannach ar a raibh 22 ghairmí ón tionscal, ón saol acadúil, ó Fhiontraíocht Éireann agus ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chuig Comhdháil an CEN [An Coiste Eorpach um Chaighdeánú] ar Chaighdeán agus Nuálaíocht sa Bhruiséil, áit a ndeachaigh na rannpháirtithe i mbun teagmhála le saineolaithe d'fhonn foghlaim conas is féidir leis an gcaighdeánú feabhas a chur ar thionchar na nuálaíochta san Eoraip, agus an méid sin a phlé agus a dhúshlán a thabhairt.

### 2014 i bhFigiúirí:

- ▶ 1,529 gCaighdeán Eorpacha agus Éireannacha Foilsithe
- ▶ 14,000 Caighdeán Díolta – 4,000 in Éirinn
- ▶ 23,000 Caighdeán i Leabharlann NSAI
- ▶ 1,300 Duine Páirteach san Obair Caighdeánaithe
- ▶ 1,600 Úsáideoir Cláraithe ar an Tairseach 'Your Standards Your Say'

**14,000**  
CAIGHDEÁN DÍOLTA

**700**  
DUINE TAR ÉIS  
FREASTAL AR  
SHEIMINEÁIR  
I.S. 813

# Measúnacht Chomhréireachta

Cuireann NSAI raon deimhniúchán ar tháirgí agus córais ar fáil do ghnólachtaí, as a n-eascaíonn deimhniú neamhspleách um chomhlíonadh a aithnítear go hidirnáisiúnta, a fhágann gur féidir le cuideachtaí dúchasacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta dul san iomaíocht go rathúil i margaí baile agus i margaí coigríche agus deiseanna fostaíochta breise a chruthú.



**3,000**

CUIDEACHTA  
DEIMHNITHE AR  
FUD AN DOMHAIN



**10,000**

DEIMHNIÚ  
EISITHE

# 500

CUIDEACHTA  
DOMHANDA UM  
FHEISTÍ LEIGHIS  
DEIMHNITHE

# 400

DUINE TAR ÉIS  
FREASTAL AR  
SHEÓNNA BÓTHAIR  
RÉIGIÚNACHA NSAI





# Measúnacht Chomhréireachta (ar lean)

“Tríd an deimhniú, is féidir linn a chruthú go bhfuil próis ar fiú trácht orthu againn i dtaobh cáilíochta, an chomhshaoil, sláinte agus sábháilteachta, agus daoine.”

**Ciara Turner, Ceann  
Acmhainní Daonna, Fónua**

Tá rochtain ar mhargaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ag brath níos mó agus níos mó ar an gceanglas maidir le fianaise ar chomhlíonadh na gcaighdeán a bheith ar fáil. Léirítear i dtaighde a rinneadh le déanaí go gcreideann breis is 82% de Stiúrthóirí Bainistíochta gur dóchúla go rachaidh cuideachtaí ilnáisiúnta i mbun gnó le cuideachta Éireannach a chloíonn le caighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta.

Cuireann NSAI raon deimhniúchán ar tháirgí agus córais (Comharthaí CE) ar fáil do ghnólaigh, as a n-eascraíonn deimhniú neamhspleách um chomhlíonadh a aithnítear go hidirnáisiúnta, a fhágann gur féidir le cuideachtaí dúchasacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta dul san iomaíocht go rathúil i margaí baile agus i margaí coigríche agus deiseanna fostaíochta breise a chruthú. Ní hamháin go gcuireann an deimhniúchán leis an iomaíocht, ach fágann sé go mbíonn cuideachtaí níos inbhuanaithe agus ina n-áiteanna oibre níos fearr.

Laistigh de limistéar an deimhniúcháin nó an mheasúnaithe comhréireachta, tá NSAI tar éis clár leathan seirbhísí foinsithe allamuigh, iniúchóireachta agus cigireachta a chur chun feidhme ar fud roinnt príomhréimsí: an sármhaitheas gnó, inbhuaine agus an timpeallacht thógtha, tacaíocht i leith an mhargaidh agus na rialachán agus feistí leighis. Is é atá ina Chomhlacht dá dTugtar Fógra maidir le 10 gcinn de Threoracha ón AE, idir tháirgí foirgníochta agus fheistí leighis inphlandaithe gníomhacha, agus tá sé tar éis deimhniú nó clárú a dhéanamh ar 3,000 eagraíocht ar fud an domhain le níos mó ná 10,000 deimhniú a eisíodh ar bhonn idirnáisiúnta, ar fud a chuid scéimeanna deimhniúcháin go léir.

## Sármhaitheas Gnó

Is trí mheán Deimhniúcháin um Shármhaitheas Gnó is féidir le cuideachtaí a chruthú go n-oibríonn siad de réir an dea-chleachtais laistigh de na príomhchórais bainistíochta a aithnítear go hidirnáisiúnta i réimsí na cáilíochta (ISO 9001), an chomhshaoil (ISO 14001), agus na sláinte agus sábháilteachta ceirde (OHSAS 18001) i measc eile. Go deimhin, is minic a bhíonn na ndeimhniúcháin sin ina réamhríachtanas le haghaidh tairiscintí iomaíochta agus/nó chun réamhcháiliú i gcomhair tairiscint a chur isteach i gcás a lán

cliant de chuid NSAI. Tá feidhm acu maidir le cuideachtaí ilnáisiúnta, cuideachtaí dúchasacha, fiontair bheaga agus mheánmhéide, cuideachtaí stáit agus cuideachtaí leathstáit, agus tá 870 cuideachta cláraithe i leith na gcaighdeán éagsúil sin faoi láthair.

Agus é i gceist leo sármhaitheas gnó a chruthú agus buntáiste iomaíoch a bhaint amach chun tacú le téarnamh geilleagrach na hÉireann agus a cuid pleannanna maidir le poist a chruthú, tá ról tábhachtach ag an tsonraíocht náisiúnta uathúil um bainistíocht acmhainní daonna, Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe, mar aon le deimhniúchán um chóras bainistíochta cáilíochta, maidir leis an mbainistíocht athruithe a chur chun cinn agus a chumasú.

Dar le taighde a rinne Cumann na gComhlachtaí Creidiúnaithe Deimhniúcháin in Éirinn, is é NSAI a chuireann ar fáil thart ar 60-65% den deimhniúchán sa tír seo maidir le ISO 9001, ISO 14001 agus OHSAS 18001, agus 100% i gcás na scéimeanna eile. Is é NSAI an Comhlacht Inniúil maidir le hEicealipéad an AE agus cuireann sé deimhniúchán ar fáil le haghaidh Ábhair Pacáistithe um Tháirgí Íocsláinte, agus PEFC – Bainistíocht Foraoise.

Féadfar eagraíochtaí a dheimhniú i leith ceann amháin, dhá cheann, nó níos mó de na caighdeáin sin, agus más níos mó ná ceann amháin atá i gceist molann NSAI cur chuige comhtháite a ghlacadh i leith doicimeadúcháin agus cur i bhfeidhm na gcóras araon, agus déanann sé féin iarracht an comhtháthú sin a chur i bhfeidhm freisin trí fhoireann iniúchóirí inniúla a chur ar fáil a thagann le riachtanais na gcliant.

## Buaicphointí na Bliana 2014

I rith na bliana seo caite, tháinig méadú nach beag ar infheictheacht NSAI trí shraith 24 imeacht, inar fhreastail 400 duine ar na seónna bóthair ‘DIS ISO 9001: 2015’ agus ‘DIS ISO 14001: 2015’, 120 ar an gComhdháil ‘Quality in Ireland, Operational Excellence’, agus níos mó ná an méid sin arís ar na Gradaim um Fhorbairt Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe. Tá na gradaim sin ina gcuid de thionscnamh Rialtais um Plean Gníomhaíochta do Phoist chun cur chun cinn a dhéanamh ar an ról tábhachtach a imríonn na caighdeáin i ngeilleagar na hÉireann agus chun aitheantas a thabhairt don obair iontach atá déanta le fostaithe laistigh den réimse gnó. De bharr



Na Gradaim um Fhorbairt Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe

na hinfheistíochta i gcaighdeáin um bainistiú daoine, bíonn feabhas ar na héifeachtúlachtaí i leith próiseas agus ar an gcumas chun teicneolaíochtaí agus modhanna nua a ghlacadh, agus bíonn leibhéal níos airde nuálaíochta le sonrú i straitéisí agus táirgí.

Bhí na sé sheimineár shaora in aisce ar fud na tíre do FBManna dírithe ar chuidiú le gnóchlachtaí áitiúla coinneáil suas leis na hathruithe atá le teacht ar na caighdeáin ISO 9001 agus ISO 14001 ionas go dtuigfidh siad na prionsabail is bonn leis na hathruithe agus conas is fearr a d'fhéadfaí iad a chur i bhfeidhm chun sochair a gcuid gnóchlachtaí. Idir an dá linn, tá níos mó ná 70 comhlacht, idir chomhlachtaí príobháideacha, chomhlachtaí poiblí agus FBManna ó thionscail éagsúla, a bhí i láthair ag an dá imeacht a d'eagraigh NSAI um bronnadh deimhnithe, a fheicfidh dea-thoradh ar a gcuid infheistíochtaí i ndeimhniúcháin éagsúla le bliain anuas.

### Príomhscéimeanna Caighdeánacha Deimhniúcháin arna dtairiscint ag Sármhaitheas Gnó:

1. Córais Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001;
2. Córais Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001;
3. Córais Bainistíochta Sláinte & Sábháilteachta Ceirde OHSAS 18001;
4. Seirbhís Aistriúcháin I.S. EN 15038;
5. Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe ETP 1000;
6. Ionaid Teagmhála I.S. EN 15838;
7. An Comhartha um Ghnóchlacht atá i mBun Oibre ar Shlí Fhreagrach (Freagracht Shóisialta Chorporáideach i gcomhar le BiTC).

### 2014 i bhFigiúirí:

- Fuair 70 Cuideachta Deimhnithe ag Grúpbhronnta Deimhnithe NSAI
- 24 Imeacht For-rochtana (m.sh. Seónna Bóthair, Comhdhálacha, Cúrsaí Oiliúna, Bronnadh Deimhnithe, Laethanta Díolacháin agus Margaíochta)
- D'fhreastail 400 duine ar Sheónna Bóthair ISO 9001 agus ISO 14001

# 24

IMEACHT  
TIONSAIL

# 870

CUIDEACHTA  
DEIMHNITHE I  
LEITH CÓRAIS  
BAINISTÍOCHTA

## Inbhuaine agus an Timpeallacht Thógtha

Tríd an deimhniúchán i réimse na hInbhuaine agus na Timpeallachta Tógtha, cuirtear ar a gcumas do chuideachtaí Éireannacha sna hearnálacha foirgníochta a gceanglais dlí a chomhlíonadh (faoi Rialachán AE) agus iad ag cur a gcuid táirgí ar an margadh, in Éirinn agus thar lear.

## Deimhniúchán i leith Táirgí Foirgníochta

Faoi láthair is é NSAI an t-aon chomhlacht náisiúnta dá dtugtar fógra a thugann an mhodheolaíocht do dhéantóirí Éireannacha chun an comhartha CE a chur ar a gcuid táirgí do na margaí baile agus na margaí onnmhairithe mar atá forordaithe dó faoin Rialachán um Tháirgí Foirgníochta 2013 maidir le gach táirge atá clúdaithe ag Caighdeán Eorpach comhchuibhithe (hEN). Mar sin, Comhlacht dá dTugtar Fógra is ea NSAI maidir lena lán táirgí foirgníochta. De bhrí go raibh tuiscint ag níos mó monaróirí anois ar a gcuid oibleagáidí sa réimse sin, bhí feidhmíocht láidir ann i leith na scéime comharthaí CE sa ráithe dheiridh de 2014.

Sa chás nach ann do hEN le haghaidh táirge foirgníochta, níl sé éigeantach comhartha CE a chur ar an táirge cé gur féidir le monaróir nó gníomhaire roghnú é sin a dhéanamh trí iarratas a dhéanamh ar Fhaomhadh Teicniúil Eorpach trí Chomhlacht um Measúnú Teicniúil ar nós NSAI.

In 2014, rinneamar 545 iniúchadh a bhaineann leis an bhfoirgníocht i réimsí ar nós córais inslithe ballaí seachtracha, rátálacha fuinnimh fuinneog, deimhnithe táirgí, aer-dhíonacht agus insliú cuasbhallaí.



Custaiméirí NSAI agus iad ag ceiliúradh tar éis a gcuid deimhnithe a fháil ag Grúpbhronnadh Deimhnithe na Samhna

# Measúnacht Chomhréireachta (ar lean)

## Deimhniúchán Agrément

De rogha air sin, sa chás ina gcinnfidh monaróir nó gníomhaire tréith feidhmíochta táirge a fháil dearbhaithe nó má cheanglaítear córas a úsáid chun réitigh foirgníochta shonracha a sholáthar, féadfaidh monaróir nó gníomhaire an rogha a dhéanamh an táirge a fháil deimhnithe lena thaispeáint go bhfuil Rialacháin Foirgníochta na hÉireann á gcomhlíonadh. Trí sheirbhísí Agrément NSAI, soláthraítear bealach chun a thaispeáint conas is féidir táirgí nó córais foirgníochta iomlána a úsáid chun cloí leis na rialacháin náisiúnta sin; eisíodh 12 dheimhniú táirge den sórt sin in 2014.

Leanann NSAI ar aghaidh ag tairiscint deimhniúchán i leith inniúlacht suiteálaithe táirgí agus córais foirgníochta, trí chlár a choimeád de shuiteálaithe cineálacha inslithe éagsúla, ar nós iad siúd do bhallaí seachtracha agus do chuasbhallaí. Ina theannta sin, feidhmíonn NSAI scéim um fheidhmíochta fuinnimh fuinneog faoina dtugtar rátáil fuinnimh d'fhuinneoga. Faoinár scéim um

Shamhaltú Teirmeach, fíoraítear inniúlacht na daoine a bhfuil baint acu le sonraí foirgníochta a fhorbairt atá i gcomhréir leis na Rialacháin Foirgníochta náisiúnta.

## Bainistíocht Fuinnimh

Tá aitheantas idirnáisiúnta ag an gCaighdeán Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 agus meastar anois gurb é an caighdeán tagarmhairc ar fud an domhain le haghaidh bainistíocht fuinnimh. Tá sé comhoiriúnach leis na caighdeáin bainistíochta eile a mbaintear leas forleathan astu.

Tá sé measta go bhféadfadh an caighdeán seo tionchar dearfach a bheith aige ar thart ar 60% d'úsáid fuinnimh an domhain trí straitéisí bainistíochta a chur ar fáil d'eagraíochtaí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí chun cur le héifeachtacht fuinnimh, costais a laghdú agus an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú.

Cé gurb oiriúnach é do gach gnólacht beag beann ar a mhéid, an áit a bhfuil sé nó an tionscal lena mbaineann sé, tá ISO 50001 éifeachtach go háirithe má fheidhmíonn an gnólacht i dtionscal atá dian ar fhuinneamh nó i gceann atá faoi réir rialú nó reachtaíocht um astaíochtaí gáis cheaptha teasa. Faoin gcaighdeán seo, cuirtear beartais agus cuspóirí fuinnimh ar bhonn fhoirmiúil agus leabaítear iad sa smaointeoireacht faoi éifeachtúlacht fuinnimh ar fud na heagraíochta.

D'eisigh NSAI naoi gcinn de dheimhnithe nua um Chóras Bainistíochta Fuinnimh (ISO 50001) in 2014, rud a thug muinín do thomhaltóirí go bhfuil saincheisteanna fuinnimh á mbainistiú i gcomhréir le caighdeáin agus nósanna imeachta atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

**545**  
**INIÚCHADH A**  
**BHAINEANN**  
**LEIS AN**  
**BHFOIRGNÍOCHT**

**9**  
**NDEIMHNIÚ NUA**  
**ISO 50001 EISITHE**

## 2014 i bhFigiúirí:

- ▶ 9 gcinn de Dheimhnithe Nua ISO 50001 um Chóras Bainistíochta Fuinnimh Eisithe
- ▶ 12 Dheimhniú Agrément Éireannach Eisithe maidir le Táirgí
- ▶ 545 Iniúchadh Déanta



# 4,665

**CHEADÚ FEITHICLE  
AR BHONN  
NÁISIÚNTA**

# 2,894

**CHEADÚ  
FEITHICLE AR  
BHONN EORPACH**

## Tacaíocht Margaidh & Rialála

Soláthraíonn an Rannán Tacaíochta Margaidh agus Rialála ceaduithe agus seirbhísí deimhniúcháin tríú páirtí neamhspleácha do chuideachtaí intíre agus do chuideachtaí onnmhairíochta, á dheimhniú go bhfuil rialacháin náisiúnta agus rialacháin an AE á gcomhlíonadh.

## Earnáil na nGluaisteán

Tugann NSAI tacaíocht d'earnáil na ngluaisteán trí fhorbairt agus leithdháileadh comhairle teicniúla córasaí agus scéimeanna atá dírithe ar fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht táirgí nua gluaisteán, agus trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar na ceanglais maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht feithiclí agus ar ghnéithe comhshaoil díobh.

Mar gheall ar na hathruithe suntasacha ar rinneadh ar earnáil na ngluaisteán faoin gCreat-Treoir Athmhúnlaithe ón AE um Mótarfheithiclí in 2007, lena n-áirítear cur chun feidhme na scéimeanna um Cheadú Náisiúnta Feithiclí maidir le modhnú agus athchóiriú feithiclí ar leibhéal áitiúil, bhí NSAI ag obair chun scéimeanna ceadaithe comhpháirteanna, córas agus feithiclí a sholáthar ionas go mbeidh monaróirí in ann dul san iomaíocht ar bhonn cothrom le hiomaitheoirí idirnáisiúnta. Rinneadh beagnach 3,000 ceadú feithiclí ar bhonn Eorpach agus 5,000 ceann ar bhonn náisiúnta in 2014.

Oibríonn NSAI i ndlúthpháirt le lucht tionscal agus leis na páirtithe leasmhara iomadúla a ndeachaigh na hathruithe sin i bhfeidhm orthu agus glacadh sé páirt i seimineáir eolais chun comhairle a thabhairt maidir leo. Amhail mí Dheireadh Fómhair 2014, faoin Scéim um Thógálaí Creatlaí Feithicle Ceadaithe, féadfaidh cuideachtaí Éireannacha a fheistíonn creatlacha ar fheithiclí tráchtála earraí troma nua (neamhchláraithe) a bheith ceadaithe ag NSAI chun an obair sin a dhéanamh. Ní eiseofar deimhnithe ceadaithe dá gcuid feithiclí ach ar na cuideachtaí sin atá ceadaithe ag NSAI agus orthu siúd amháin. Mura mbeidh deimhniú ceadaithe ag an bhfeithicil nua, ní féidir í a chlárú agus a chur ar an margadh.

Ina cháil mar Údarás Cineálcheadúcháin na hÉireann, tá roinnt seirbhísí teicniúla bunaithe ag NSAI agus tá Ionaid Tástála Ceadaithe ceaptha aige chun na tástálacha agus na cigireachtaí ábhartha a chur i gcrích maidir le Feithiclí Tráchtála, Deimhniú Leantóirí, Scéim Ceadúnais um Fheithiclí Nua a Oiriúnú do Thiománaithe Míchumasaithe, Cineálcheadú Mótarfheithiclí AE (Teoracha AE), Ceadú Feithicle Aonair agus Cineálcheadú um Shraith Bheag Náisiúnta. Ina theannta sin, tá NSAI údaráithe chun ceadúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar cheardlanna a sholáthraíonn Seirbhísí Tacagraif, Teorantóirí Luais Bóthair agus Seirbhísí Plátaí.

## Bia

Tá an tsábháilteacht bia fós ina hábhar cúraim ar fud an domhain, ní amháin mar gheall ar an tábhacht a bhaineann léi i dtaobh na sláinte poiblí, ach freisin mar gheall ar a tionchar ar an trádáil idirnáisiúnta. Is amhlaidh níos mó ná riamh go bhfuil na himreoirí móra sna hearnálacha bia idirnáisiúnta ag glacadh an Chórais Deimhnithe um Shábháilteacht Bia (FSSC) agus ag spreagadh a gcuid soláthraithe chun an deimhniú sin a ghlacadh, rud a mbíonn feidhm aige ar mhonaróirí bia na hÉireann.



Custaiméirí NSAI agus iad ag ceiliúradh tar éis a gcuid deimhnithe a fháil ag Grúpghronnadh Deimhnithe na Samhna



# Measúnacht Chomhréireachta (ar lean)

“Inár gcáil mar eagraíocht chruthaitheach tráchtála a bhíonn ag plé le teicneolaíochtaí leighis atá thar a bheith nuálach agus ceannródaíoch, tá comhpháirtíochtaí láidre le Comhlacht dá dTugtar Fógra ag teastáil uainn ionas go gceadófar comharthaí CE ar bhonn tráthúil. Tá tuiscint dhomhain tugtha ag NSAI dúinn ar na caighdeáin rialála san AE, rud atá riachtanach agus muid i mbun gnó le cuideachtaí móra an domhain. Is mór an tairbhe a bhain Trinitas as NSAI, Comhlacht dá dTugtar Fógra agus comhlacht gairmiúil den scoth, a bheith díreach anseo taobh linn.”

**An Dr James Coleman,**  
POF, Trinitas Ventures

Dá bhrí sin, tá NSAI ag díriú ar an FSSC agus an Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bia (ISO 22000) a chur chun cinn do thionscal an bhia, mar aon le deimhniúchán um Chórais Bainistíochta Fuinnimh, Córais Bainistíochta Cáilíochta, Córais Bainistíochta Comhshaoil agus Córais Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde.

Sula dtagann an bia chomh fada leis an tomhaltóir, d'fhéadfadh go leor eagraíochtaí a bheith bainteach leis an slabhra táirgthe, dáileacháin agus díola. Baineann an Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bia le haon ghnó feadh an tsabhra bia, cosúil le táirgeoirí beatha ainmhithe, táirgeoirí bia, oibreoirí iompair agus stórála, óstáin, bialanna nó miondíoltóirí. Tá an caighdeán bunaithe ar an saineolas teicneolaíochta, bainistíochta agus eolaíochta is úire agus is é is aidhm dó machaire réidh a chruthú ar fud margaí réigiúnacha, ilchríochacha agus domhanda trí chórais chomhchuibhithe um bainistíocht sábháilteachta bia a chur in ionad caighdeán áitiúla éagsúla, agus na córais sin a thagarmharcáil i gcoinne an deachleachtais. Leis an deimhniúchán i leith ISO 22000, dearbhaítear do chustaiméirí agus comhpháirtithe trádála féideartha go bhfuil na caighdeáin dhomhanda is airde á gcomhlíonadh i dtaobh sláinteachas agus sábháilteacht bhia.

Cuimsítear le FSSC 22000, atá faoi mhaoriseacht na Fondúireachta um Dheimhniúchán Sábháilteachta Bia, ISO 22000 agus ISO/TS 22002-1. Monaróirí bia a ndéanann comhlachtaí deimhniúcháin creidiúnaithe, ar nós NSAI, iniúchóireacht orthu i leith na gcaighdeán sin, féadfar iad a dheimhniú go dtí an caighdeán um Chóras Sábháilteachta Bia. Tá NSAI údaraithe, faoi chonradh seirbhíse leis an FSAI, chun seirbhísí cigireachta a chur ar fáil do tháirgeoirí uisce mianraí nádúrtha agus do sholáthraithe agus tairgeoirí ábhair teagmhála bia.



Version 1, An Buaiteoir Foriomlán ag na Gradaim um Fhorbairt Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe

## An Caighdeán ISO 22000 um Bainistíocht Sábháilteachta Bia:

- ▶ Laghdaíonn sé a mhínice a tharlaíonn galar bia-iompartha;
- ▶ Feabhsaíonn sé cáilíocht agus sábháilteacht na bpost i dtionscal an bhia;
- ▶ Fágann sé go bhfuil tionscal an bhia níos éifeachtaí agus níos brabúsaí;
- ▶ Laghdaíonn sé an rómhaorlathas trí ghearradh siar ar iniúchtaí a dhéantar faoi dhó nó iniúchtaí a thagann trasna ar a chéile.

## 2014 i bhFigiúirí:

- ▶ 2,894 Cheadú Comhpháirteanna agus Córas AE/UNECE
- ▶ 4,665 Cheadú Feithicle ar Bhonn Náisiúnta

## Feistí Leighis

Ina cháil mar Chomhlacht na hÉireann dá dTugtar Fógra i gcomhair feistí leighis, tá ról lárnach ag NSAI maidir le tionscal feistí leighis na tíre seo a fhorbairt agus a bheith i mbun oibre chun rochtain ar an margadh a chur ar fáil do ghléasanna atá bunaithe ar an teicneolaíocht is déanaí in ospidéal agus sa chóras cúraim sláinte Eorpaigh níos leithne. San fhochuideachta dár gcuid atá lonnaithe in Nashua, New Hampshire, Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirimid raon iomlán seirbhísí ar faoil um Dheimhniú Córas Bainistíochta agus um Cheadú Feistí Leighis. Ónár gcuid bonn in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe, táimid in ann seirbhísí deimhniúcháin a thairiscint do chomhlachtaí atá ag feidhmiú i níos mó ná 30 tír.

Tairgeann NSAI Comharthaí CE um Fheistí Leighis chun cuidiú dlús a chur faoi iontráil feistí leighis isteach i margadh an AE (mar gheall ar an aitheantas atá ag an gCóras AE, fágann na Comharthaí CE go mbíonn rochtain ag táirgí ar an-chuid den domhan). Oibríonn NSAI i ndlúthpháirt leis na húdaráis inniúla ábhartha agus, leis an saineolas atá ag an eagraíocht i réimsí cosúil leis an micribhitheolaíocht, innealtóireacht, bith-chomhoiriúnacht agus leigheas, soláthraíonn sé treoir uathúil





Custaiméirí NSAI agus iad ag ceiliúradh tar éis a gcuid deimhnithe a fháil ag Grúphronnadh Deimhnithe na Bealtaine

cháilíochta, chliniciúil agus rialála maidir le feistí leighis ardriosca, comhcheangail idir drugaí agus feistí agus táirgí fíochán ainmhithe.

Soláthraíonn NSAI seirbhísí den chineál céanna sin maidir leis an Deimhniú i leith Córas um Chomhréireacht Feistí Leighis de chuid Ceanada agus, ar deireadh, le haghaidh Deimhniú um Chórais Bainistíochta Cáilíochta a bhaineann go sonrach le feistí leighis (ISO 13485).

Déanann NSAI freastal faoi láthair ar thart ar 25-30% de mhargadh na hÉireann, tuairim is 6% den mhargadh domhanda agus breis is 500 corparáid feistí leighis ar fud an domhain. Tá méadú thart ar 10% sa bhliain tagtha ar an ngníomhaíocht deimhniúcháin sa réimse seo thar na cúig bliana seo caite go dtí ioncam €4.5 milliún (US\$ 4.9m), agus bhí feidhmíocht airgeadais láidir le sonrú san oifig dár gcuid i Meiriceá in 2014.

Le bliain anuas, phróiseáil NSAI 71 iarratas agus 15 iarratas leighis sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn faoi seach agus chuir sé 3,429 lá iniúcháireachta ar bun, a raibh 17 acu gan fógra. Chinntigh an tÚdarás go raibh sé i láthair ag comhdhálacha tábhachtacha tionscail lena n-áirítear comhdhálacha de chuid Chumann na hÉireann um Fheistí Leighis, Medtec Ireland agus Cumann Gairme Leighis agus Máinliachta na hÉireann.

## Cad atá Romhainn Amach

I gcomhthéacs na Comhpháirtíochta Trádála agus Infheistíochta Trasatlantaí atá beartaithe idir na Stáit Aontaithe agus an AE, tá NSAI Inc. i mbun iarratas a dhéanamh ar pháirt a ghlacadh sa Chlár Iniúchta Aonair um Fheistí Leighis atá molta ag an bhFóram Rialála Idirnáisiúnta um Fheistí Leighis. Ar an mbonn go bhfuil an saineolas teicniúil agus an saineolas cliniciúil atá de dhíth aige, measann NSAI Inc. go bhfuil deis le tapú a bhaineann le corparáidí feistí leighis de chuid na Stát Aontaithe a bheith ag athlonnú go hÉirinn chun leas a bhaint as an timpeallacht ghnó iomaíoch.

I láthair na huaire, tá níos mó ná 250 cuideachta suntasach teicneolaíochta leighis ag onnmhairiú luach thart ar €7.9 billiún earraí ó Éirinn. Ós rud é go bhfuil an cnuasach is mó

de na cuideachtaí sin lonnaithe i nGaillimh, i Sligeach, i Luimneach agus ar fud an lathair, tá NSAI dírithe ar fhoireann áitiúil saineolaithe a bhunú chun freastal ar an mol tionscal sin.

Bheadh an saineolas sin ina thacaíocht freisin i dtaobh tionscnaimh stáit de chuid GFT Éireann agus Fhiontraíocht Éireann, a chuireann NSAI chun cinn mar an t-aon chomhlacht dá dtugtar fógra de chuid na hÉireann, nó an comhlacht ionadaíoch den sórt sin dá cuid, maidir leis an bpacáiste iomlán a chuir ar fáil le haghaidh tionscnamh eagraíochtaí déantúsaíochta in Éirinn nó le haghaidh eagraíochtaí déantúsaíochta a athlonnú chun na tíre seo.

Fágann an comhdhlúthú a mheasfar a dhéanfar ar líon na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra agus an dlús níos mó fós a bheidh faoi chomhlachtaí den chéad ghrád dá dtugtar fógra go dtiocfaidh fás ar an éileamh ar sheirbhísí cuíosach luath amach anseo, tráth a bheidh an iomaíocht bunaithe ar cháilíocht, inniúlacht, raon, agus leibhéil seirbhíse. Ina theannta sin, tá méadú ag teacht ar an éileamh ar cheadú feistí in vitro in Éirinn agus thar lear i bhfianaise athruithe suntasacha ar na Treoracha AE a chlúdaíonn na cineálacha sin feistí.

“Tá fíor-léiriú tugtha ag NSAI ar an tiomantas láidir atá aige do chustaiméirí agus don chomhpháirtíocht trí chuidiú linn an deimhniú ISO atá ann cheana a aistriú go han-tapa go dtí Excelitas Technologies Inc., maidir le gach ceann dár gcuid suíomhanna ar fud an domhain, rud a chuidigh linn freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí. Ina theannta sin, leanann NSAI ar aghaidh ag soláthar Cláir Chomhtháite bhreisluacha, iniúcháirí ardchaighdeán agus, rud is tábhachtaí ar fad, foireann bainistíochta an-iontaofa a mheasann gur comhpháirtí seachas custaiméir muid i ndáiríre.”

**Justin Choy, Gnóthaí Rialála Domhanda agus Comhlíonadh, Bainisteoir Sinsearach, Excelitas Technologies**

## 2014 i bhFigiúirí:

- ▶ 3,429 Lá Iniúcháireachta Curtha i gcrích
- ▶ 71 Iarratas nua sa Réimse Leighis sna Stáit Aontaithe
- ▶ 91 Iarratas nua i Réimsí Neamhleighis sna Stáit Aontaithe
- ▶ 17 nIniúchadh Leighis neamhfhogartha sna Stáit Aontaithe
- ▶ 15 nIarratas nua sa Réimse Leighis in Éirinn

**3,429**  
LÁ  
INIÚCHÓIREACHTA  
FEISTÍ LEIGHIS  
CURTHA I GCRÍCH

# An Mhéadreolaíocht

Is í an mhéadreolaíocht réimse eolaíochta an tomhais. Díríonn an Mhéadreolaíocht Dlí ar na ceanglais reachtúla agus ar na cigireachtaí ar thomhais agus ar uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil, agus tá an cúram ar an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta inrianaitheacht idirnáisiúnta na gcaighdeán tomhais a choimeád agus calabrú ardchruinnis a chur ar fáil do lucht tionscail na hÉireann.

**34,619**

GCIGIREACHT DÉANTA  
AG FÍORAITHEOIRÍ  
ÚDARAITHE

**4,400**

DEIMHNIÚ  
UM CHALABRÚ  
UIRLISE EISITHE





**5,659**

GCUAIRT  
SUÍMH



CIGIREACHT  
DÉANTAR AR

**15,032**

UIRLIS



# An Mhéadreolaíocht (ar lean)

“Tá muid ag obair i ndlúthpháirt le NSAI ó tugadh an Scéim Fíoraitheora Údaraithe isteach in 2008, chun tuiscint iomlán a fháil ar cheanglais Alt 12 agus aiseolas a thabhairt faoi aon ábhar cúraim a d’fhéadfadh a bheith againn. Pléadh na hábhair sin agus thángthas ar réiteach faoinar tugadh aird ar chúraimí gach páirtí agus faoinar cloíodh leis an reachtaíocht. Ó na céimeanna tosaigh go dtí an lá atá inniu ann, chuir NSAI leibhéal ard tacaíochta gairmiúla ar fáil dúinn, ionas gur féidir linn an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh den scéim. Tá foireann thiomanta ag NSAI, rud a fhágann é éasca tacaíocht a fháil, agus bíonn an tacaíocht sin le sonrú go soiléir i dtaobh dul i ngleic le saincheisteanna sonracha agus sna próisis oibriúcháin ó lá go lá.”

**Alan Morrison, Bainisteoir Réigiúnach Gnó, Avery Weigh-Tronix**

## Méadreolaíocht Dlí

Is éard a dhéantar i réimse na Méadreolaíochta Dlí ná fíorú agus cigireacht a dhéanamh ar uirlisí tomhais a úsáidtear i gcomhair trádála d’fhonn a chinntiú go bhfaighidh gnólachtaí agus tomhaltóirí an méid cruinn a n-focann siad as. Cibé acu an ag ceannach peitрил atá daoine nó ag taisteal i dtacsáí, bíonn tionchar díreach ag an gcruinneas lena ndéantar cainníochtaí a thomhas ar an muinín atá ag daoine as margadh na hÉireann agus ar a mhéid is féidir brath ar an margadh sin. Dá bhrí sin, cosnaíonn an Mhéadreolaíocht Dlí úsáideoirí deiridh trína sheiceáil go bhfuil tomhais cruinn, fíor trí fhoireann cigirí speisialaithe.

Déanann NSAI maoirseacht ar 70,000 uirlis tomhais éagsúil i 35,000 cuideachta ar fud na tíre, idir shiopaí beaga áitiúla agus thimpeallachtaí olltáirgeachta. D’fhonn a chinntiú go bhfuil na huirlisí tomhais a úsáidtear le haghaidh trádála cruinn, baintear leas as teicnícíochtá measúnaithe riosca chun an clár cigireachtaí a spriocdhírú, agus béim ar earnálacha ina bhfuil ardriosca i dtaobh neamh-chomhlíonadh.

Tugann an Mhéadreolaíocht Dlí ráthaíocht freisin go bhfuil córais stuama i bhfeidhm ag cuideachtaí a sholáthraíonn bia agus earraí eile réamhphacáistithe chun na cainníochtaí atá sna pacáistí sin a thomhas, a shampláil agus a sheiceáil.

Tá trí ghné i gceist leis na gníomhaíochtaí Méadreolaíochta Dlí, atá difriúil óna chéile ach a bhfuil gaol acu lena chéile:

1. Measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann dearadh uirlise nua tomhais ceanglais dhlíthiúla (cineálcheadú) agus é a fhíorú i gcoinne caighdeáin Eorpacha nó córas bainistíochta cáilíochta ceadaithe an déantóra féin;
2. Athfhíorú a dhéanamh ar uirlisí tomhais a bhféadfadh deisiú, athrú nó coigeartú a bheith déanta orthu chun a chinntiú go bhfuil siad fós cruinn agus go gcomhlíonann siad na ceanglais sular féidir dul i mbun trádála leo arís;
3. Seiceáil gur cruinn iad na tomhais a úsáidtear chun críocha trádála trí chigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar uirlisí tomhais agus ar earraí pacáistithe.

## Feachtais Spriocdhírthe

Le linn 2014, rinneadh 5,659 gcuaire suímh ina ndearnadh tástáil ar 15,032 uirlis – ó dháileoirí le haghaidh breosla leachtaigh agus deochanna meisciúla go dtí scálaí le haghaidh miondíola agus díolphointe.

### Cigireachtaí in Earnálacha na gCaidéal Breosla, an Mhiondíola, na dTacsaithe agus na nDroichead Meáite

| Cineál Tomhais                 | Tuairisc                                                                                                                                                                                                           | Catagóir an Chineáil Tomhais           | An tIomlán |
|--------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------|------------|
| Dáileoir Breosla Leachtaigh    | Caidéal peitрил nó díosail                                                                                                                                                                                         | Sreabhadh                              | 5,941      |
| Scála Miondíola                | Uirlis a thógann suas le 15kg atá beartaithe le haghaidh miondíola nó úsáid poist – m.sh. torthaí agus glasraí a mheá                                                                                              | UNM (Uirlis Neamh-uathoibríoch Meáite) | 2,358      |
| Pointe Díola                   | Uirlis a mbaintear leas aisti chun díol ar bhonn díreach leis an gcustaiméir, ag asraon miondíola de ghnáth, agus d’fhéadfadh sé go bhfuil nó nach bhfuil an t-aonad le feiceáil uirthi – meá ag an scipéad airgid | UNM                                    | 2,343      |
| Tacsaiméadar                   | Méadar Tacsaithe                                                                                                                                                                                                   | Tacsaiméadair                          | 2,130      |
| Droichead meáchain – feithicil | Uirlis a thógann tonna amháin nó níos mó ar a bhfuil ardán seasta a úsáidtear chun meáchan feithicle a chinneadh                                                                                                   | UNM                                    | 490        |

As na cigireachtaí ar na 5941 dáileoir breosla leachtaigh (caidéil pheitрил/díosail) agus 2,343 dhíolphointe (meá atá nasctha le scipéad airgid i siopa), theip ar 393 uirlis agus 494 uirlis faoi seach pas a fháil ar chúiseanna éagsúla agus eisíodh rabhaidh ina leith ionas go gceartófaí iad laistigh de thréimhse ama áirithe.

### Cigireachtaí ar Dháileoirí Breosla Leachtaigh – Cúiseanna ar Theip Orthu

| Cúis Teipthe                                         | Líon  |
|------------------------------------------------------|-------|
| -10%(easnamh) i dtaobh MPE*                          | 4     |
| +10%(barrachas) i dtaobh MPE*                        | 7     |
| Briste nó dochar déanta dó                           | 12    |
| Marcanna tuairisciúla mícheart nó in easnamh         | 28    |
| Athraithe – níl sé de réir na gceanglas a thuilleadh | 10    |
| Níor fóraíodh riamh é                                | 39    |
| Neamh-chomhlíonadh rabhaidh                          | 1     |
| Neamh-chomhlíonadh neamhshuntasach                   | 1     |
| Neamh-chomhlíonadh eile                              | 11    |
| Deisithe, athraithe nó coigeartaithe                 | 267   |
| Laistigh de bharrachas -10% den MPE*                 | 7     |
| Laistigh de bharrachas +10% den MPE*                 | 3     |
| Iomlán a fuair Pas                                   | 5,551 |
| Iomlán a ndearnadh Tástáil Orthu                     | 5,941 |

### Cigireachtaí ar Dhíolphointí – Cúiseanna ar Theip Orthu

| Cúis Teipthe                                         | Líon  |
|------------------------------------------------------|-------|
| Bac ar thástáil de bharr na cumraíochta              | 4     |
| -10%(easnamh) i dtaobh MPE*                          | 72    |
| +10%(barrachas) i dtaobh MPE*                        | 15    |
| Briste nó dochar déanta dó                           | 17    |
| Marcanna tuairisciúla mícheart nó in easnamh         | 1     |
| Athraithe – níl sé de réir na gceanglas a thuilleadh | 1     |
| Níor fóraíodh riamh é                                | 120   |
| Neamh-chomhlíonadh rabhaidh                          | 4     |
| Neamh-chomhlíonadh eile                              | 17    |
| Deisithe, athraithe nó coigeartaithe                 | 205   |
| Laistigh de bharrachas -10% den MPE*                 | 34    |
| Laistigh de bharrachas +10% den MPE*                 | 1     |
| Iomlán a fuair Pas                                   | 1,852 |
| Iomlán a ndearnadh Tástáil Orthu                     | 2,343 |

\* Earráid Uasta Incheadaithe



Seiceálann Cigire Méadreolaíochta Dlí gach caidéal peitрил i ndáil le cruinneas

Rinne líonra náisiúnta NSAI de 28 bhfóraitheoir údaraithe 34,619 gcigireacht ar nithe ó dháileoirí deochanna meisiciúla agus tacsaiméadair go dtí méadair thrucaíl le haghaidh ola agus bainne. D'éirigh go geal leis an Scéim Fóraitheoirí Údaraithe, trínar cruthaíodh seirbhís fíorúcháin phríobháideach inbhuanaithe a d'fhág gur féidir leis an fheidhm Méadreolaíochta Dlí díriú ar a cuid gníomhaíochtaí cigireachta.

### Líon na bhFóruithe Tríú Páirtí in aghaidh na hEarnála

|                                                  |        |
|--------------------------------------------------|--------|
| Córais Tacsaiméadair                             | 5,637  |
| Meá                                              | 926    |
| Dáileoirí Deochanna Meisiciúla                   | 25,214 |
| Méadair Feistithe ar Thrucaíl le haghaidh Ola    | 400    |
| Méadair Feistithe ar Thrucaíl le haghaidh Bainne | 376    |
| Dáileoirí Breosla Leachtaigh                     | 2,066  |

**CIGIREACHT  
DÉANTA AR  
5,941  
DÁILEOIR BREOSLA  
LEACHTAIGH**




# An Mhéadreolaíocht (ar lean)

Le linn feachtas spriocdhírthe cigireachta tacsáí, rinneadh maoirseacht ar 2130 imscrúdú ónar eisíodh 653 fhógra rabhaidh; bhí an ghníomhaíocht sin um fhorfheidhmiú tacsaithe ina cuid de chomhar leanúnach leis na hoifigigh forfheidhmiúcháin de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair. Díríodh aird ar an bhforfheidhmiú sa réimse seo de bharr an toraidh a bhí ar chás i gCúirt Dúiche Chorcaí i mí na Nollag, nuair a phléadáil cosantóir ciontach agus ar gearradh fíneáil €500 air, móide an tsuim chéanna arís i gcostais a deonaíodh ina choinne. Tá an fheidhm Méadreolaíochta Dlí i mbun oibre le soláthraithe féideartha ar lipéad crioscaildíonach feabhsaithe lena bhfeabhsófar an tslándáil agus lena laghdófar an baol i dtaobh neamh-chomhlíonadh, agus a thabharfar isteach i gcomhthráth le cur chun feidhme an Ordaithe nua um Tháillí Uasta do thacsaithe.

Faoi fheachtas le haghaidh méadair ola, eisíodh 43 fhógra rabhaidh de bharr 434 chigireacht, agus éascaíodh do shraith imscrúduithe Méadreolaíochta Dlí freisin de bharr iarracht chomhoibritheach leis an nGníomhaireacht um Chosaint Iascaigh Mhara, na Gardaí agus Cabhlach na hÉireann ag roinnt áiseanna próiseála éisc i nDún na nGall, i nGaillimh, i gCorcaigh agus i gCiarraí.

## Spreagadh Feasachta

Rinne an fhoireann Méadreolaíochta Dlí cur i láthair ag Comhdháil na hInstitiúide Cairte um Bainistiú Dramhaíola i Luimneach chun an earnáil dramhaíola a chur ar an eolas faoi oibleagáidí maidir lena cuid uirlisí a bheith i gcomhlíonadh an Achta um Méadreolaíocht Dlí mar ullmhúchán do rialacháin nua na Roinne Comhshaoil a bheidh le teacht i bhfeidhm in 2015. Chuaigh siad in éineacht lena gcomhghleacaithe ón tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta chun bualadh le Cónaidhm Meáite na Ríochta Aontaithe d'fhonn planáil a dhéanamh i gcomhair Comhsheimineár Méadreolaíochta le NSAI don earnáil mheá i mí na Samhna 2015.



Calabrú ar mhórsála ar bun sa tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta

Ghlac ionadaithe Méadreolaíochta Dlí páirt ag seastán NSAI ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta chun aird a dhíriú ar na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar thrádálaithe i ndáil le huirlisí tomhais a úsáidtear le haghaidh trádála, agus rinneadh imscrúdú ar 128 ngearán ó thomhaltóirí maidir leis sin i rith na bliana.

D'fhreastail saineolaithe sa Mhéadreolaíocht Dlí ar roinnt cruinnithe den Ghrúpa Oibre WELMEC ar ábhair éagsúla chomh maith le cruinnithe um fhaireachas margaidh le ranna de chuid Rialtas na hÉireann.

Ar a son féin, bhain an fheidhm Méadreolaíochta Dlí amach deimhniú i leith Córais Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001 i mbliana.

## 2014 i bhFigiúirí:

- ▶ 5,659 gCuairt ar 4,582 Thrádálaí
- ▶ Tástáil déanta ar 15,032 Uirlis
- ▶ 34,619 gCigireacht déanta ag Fíoraitheoirí Údaraithe

“Ó tionscnaíodh agus ó cuireadh ar bun na seirbhísí fíoraithe córais tacsaiméadair agus an soláthar seachtrach seirbhíse maidir le ceadú feithiclí, bhraith Applus Automotive go bhfuil cur chuige NSAI thar a bheith gairmiúil. Tugann siad faoin obair le paisean agus le dúthracht ar cúis mheasa é i gcomhpháirtí agus trínar féidir dúshlán a shárú ar bhealach cuidiúil, tapa. Bhain Applus Automotive tairbhe as an taithí a fuaireamar agus muid i mbun oibre leis an NSAI, agus tá forbairt déanta againn ar ár dtuiscint ar an timpeallacht ina n-oibríonn an NSAI agus tá meas níos mó againn ar an ról atá acu i dtaobh leasa a bhaint as tomhais agus caighdeán chun tairbhe shochaí na hÉireann.”

**Mark Synnott, Bainisteoir Forbartha, Applus Automotive**

# 14

## CHAIGHDEÁN NÁISIÚNTA TOMHAIS COTHABHÁILTE

# 23

## CHÚRSA OILIÚNA CURTHA AR FÁIL



### An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta

Tá an cúram ar an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta caighdeán tomhais a bhunú, a chothabháil agus a fhorbairt in Éirinn. Cinntítear inti go gcomhlíonann Éire ceanglais an chórais idirnáisiúnta aonad – an córas SI [Le Système International d’unités] – maidir le cainníochtaí fisiciúla a thomhas, amhail fuaimíocht, leictreachas, minicíocht, fad, mais, teocht, brú, fórsa, bogthaise agus casmhóimint.

Tá an córas aonad sin, atá comhaontaithe ar bhonn domhanda, i gcroílár na heolaíochta nua-aimseartha agus na teicneolaíochta agus tá sé ina bhonn taca maidir le trádáil, nuálaíocht agus taighde & forbairt ar fud an domhain.

Is bunriachtanach é bonneagar méadreolaíochta atá aitheanta go hidirnáisiúnta maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh go hÉirinn, go háirithe ó na tionscail ardteicneolaíochta. Thairis sin, buntáiste iomaíoch tábhachtach do gheilleagar na hÉireann is ea a infhaighte atá saineolas tomhais a bhfuil rochtain éasca air sa tír seo.

D’fhonn cuidiú le hinrianaitheacht idirnáisiúnta a chur ar fáil don tionscal, chothabháil an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta 14 chaighdeán náisiúnta tomhais, ó aonaid fórsa agus mhinicíochta go dtí aonaid teochta agus chasmhóiminte. Ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil uirlisí tomhais in Éirinn inrianaithe i leith na gcaighdeán náisiúnta sin, d’eisigh an tSaotharlann 4,400 deimhniú calabrúcháin do chustaiméirí ó gach earnáil i ngeilleagar na hÉireann.

#### Caighdeán Náisiúnta Tomhais i ndáil le hAonaid

- ▶ Fad
- ▶ Mais
- ▶ Teocht
- ▶ Bogthaise
- ▶ Leibhéal fuaime
- ▶ Fórsa
- ▶ Casmhóimint
- ▶ Voltas leictreach
- ▶ Sruth leictreach
- ▶ Friotaíocht leictreach
- ▶ Toilleas leictreach
- ▶ Ionduchtas leictreach
- ▶ Minicíocht
- ▶ Brú

#### Cúrsaí Oiliúna na Saotharlainne 2014

- ▶ CT001: Bunchúrsa sa Tomhas agus sa Chalabrú
- ▶ CT002: Meastóireacht a dhéanamh ar Neamhchinnteacht Tomhais
- ▶ CT003: Calabrú Toiseach Praiticiúil
- ▶ CT004: Tomhas agus Calabrú Teochta Praiticiúil
- ▶ CT005: Calabrú Meáchan agus Meá
- ▶ CT006: Tomhas agus Calabrú Leictreach
- ▶ CT007: Fíorú CMM Praiticiúil
- ▶ CT009: Léarscáiliú Teochta/Bogthaise ar Imfháluithe
- ▶ CT010: Calabrú – Cúrsa Oiriúnaithe
- ▶ CT011: Tomhas agus Calabrú Bogthaise

“Ba mhaith liom díreach buíochas a ghabháil le foireann NSAI as an gcabhair agus an am ar chúrsa oiliúna ‘Neamhchinnteacht’ na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta. Is maith mar a bhí an cúrsa leagtha amach agus d’fhág na modhanna oiliúna ar bhain sibh leas nach raibh an t-ábhar chomh deacair is a d’fhéadfadh sé a bheith.”

**Pierre Lemmer  
Nypro**

# An Mhéadreolaíocht (ar lean)

## Taighde

Chaith an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta 340 lá i mbun taighde comhoibritheach i réimsí a bhaineann le tomhais. Tá ag éirí go maith leis an obair ar thionscadal taighde comhoibritheach le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) ar fhorbairt córais uathoibrithe chun calabrú a dhéanamh ar mheáchain iarainn mhúnla 20kg. Tá córas i bhfeidhm anois i DCU, agus tá ionchur breise de dhíth maidir leis an leictreonaic rialaithe, bogearraí agus in-atriallacht agus neamhchinnteacht tomhais. Táthar ag súil go mbeidh an córas curtha i gcrích faoi lár na bliana 2015.

Thosaigh an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta ar chomhthionscnamh le hInstitiúid Méadreolaíochta na Slóivéine ar fhorbairt cumais tomhais teirmiméadrachta neamh-teagmhála i Saotharlann NSAI.

Tá an tSaotharlann Teochta/Bhogthaise ag tabhairt faoi mheastóireacht taighde ar Ghineadóir nua Drúchtphointe atá á mhonarú ag MBW (Institiúid Méadreolaíochta Bogthaise na hEilvéise), agus tá an tSaotharlann Leictreach ag déanamh imscrúduithe ar uasghrádú agus fhorbairt Chaighdeán Milleavolta agus Foinse Phicea-aimp na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta.



## EMPIR

Is éard atá i gClár Méadreolaíochta na hEorpa um Nuálaíocht agus Taighde (EMPIR) ná clár taighde €600 milliún, deich mbliana a bhaineann le cúrsaí tomhais, arna réachtáil i gcomhréir le Fis 2020. Cuimseofar ann an taighde is fearr ar aonaid idirnáisiúnta tomhais a fhorbairt agus a fheabhsú, agus é ina aidhm aghaidh a thabhairt ar na 'mórdhúshláin', mar a thugtar orthu, in earnálacha amhail an tsláinte, fuinneamh agus an comhshaol.

Tá Éire á cruthú féin mar bhall gníomhach de EMPIR; le linn an chéad ghlaio faoin gClár in 2014, chláraigh an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta suim na hÉireann i dtaobh páirt a ghlacadh i dtrí thionscadal i réimsí na teochta, na bogthaise, agus ama agus minicíochta. Tá ceann de na tograí taighde a bhfuil an tSaotharlann ina comhpháirtí ina leith – SrT04 "Cumais inrianaithe a fhorbairt sa mhéadreolaíocht theirmeach" – curtha ar an ngearrliosta lena cheadú agus fógrófar an cinneadh deiridh go luath in 2015.

## Tástáil Oiliúna & Inniúlachta

Bhí éileamh mór in 2014 ar chúrsaí oiliúna méadreolaíochta a sholáthar thar raon réimsí a bhaineann le calabrúchán agus tomhas. San iomlán, cuireadh 23 chúrsa ar fáil do 150 ball foirne teicniúla ó thart ar 56 chuideachta.

Bhí méadú ar an éileamh ar an tSeirbhís nua um Thástáil Inniúlachta arna feidhmiú ag an tSaotharlann freisin i rith na bliana, agus reáchtáladh 24 Thástáil Inniúlachta (méadú le hais 14 Thástáil in 2013). Tá fíoraitheoirí údaraithe na méadreolaíochta dlí ag baint leasa as an scéim iniúchta tomhais sin chomh maith.

Maidir le cúrsaí oideachais, cuireadh ochtar daltaí meánscoile ar Chlár Idirbhliana NSAI, atá ceaptha chun deis struchtúrtha a thabhairt do na daltaí sin tairbhe a bhaint as seachtain a chaitheamh ar thaithí oibre le príomhinstitiúid eolaíochta agus tús eolais a thabhairt dóibh faoi bhunphrionsabail na méadreolaíochta.

## Idirnáisiúnta

Maidir lena chuid oibleagáidí leanúnacha ina cháil mar shínitheoir na hÉireann do Shocrú Aitheantais Frithpháirtigh an Choiste Idirnáisiúnta um Meáchain agus Tomhais (CIPM), a bunaíodh chun a chur ar a gcumas d'Institiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta aitheantas a thabhairt do chaighdeán tomhais náisiúnta agus deimhnithe calabrúcháin agus tomhais arna n-eisiúint ag a gcomhghleacaithe ar fud an domhain, agus glacadh leo, ghlac NSAI páirt i gcomparáidí tomhais idirnáisiúnta le hinstiúidí náisiúnta méadreolaíochta eile de chuid na hEorpa agus leis an mBiúró Idirnáisiúnta um Meáchain agus Tomhais (BIPM).

Rinneadh roinnt athruithe in 2014 ar Chumais Calabrúcháin agus Tomhais (CMCanna) na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta, arna gceadú faoin Socrú Iltaobhach CIPM. Cuireadh táblaí CMC nuashonraithe maidir leis an mbogthaise faoi bhráid Chumann Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta (EURAMET) ag deireadh na bliana le haghaidh athbhreithniú teicniúil, agus seoladh torthaí tomhas i ndáil le comparáidí lárnacha idir ár gcumais friotaíochta leictreach, a rinne Saotharlann na gCaighdeán Leictreach, chuig BIPM le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh orthu.



Tá moill mhór curtha ar cheadú na dtáblaí CMC maidir le tomhais brú agus muid ag fanacht go bhfoileofar torthaí comparáide idirshaotharlainne. Tá athbhreithniú déanta ar na figiúirí CMC athbhreithnithe maidir le tomhais leictreacha, a cuireadh isteach in 2013, ar leibhéal na hEorpa, agus tá siad ceadaithe. Ina theannta sin, chuir an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta i gcrích inúchadh piaraí ar a rannóg teocht/bogthaise a rinne saineolaí teicniúil de chuid EURAMET ó MIKES san Fhionlainn, lena ndeimhnítear go bhfuil na rialacháin idirnáisiúnta fós á gcomhlíonadh ag NSAI.

### 2014 i bhFigiúirí:

- ▶ 14 Chaighdeán Náisiúnta Tomhais Cothabháilte
- ▶ 4,400 Deimhniú um Chalabrá Uirlise Eisithe
- ▶ 340 Lá Taighde
- ▶ 23 Chúrsa Oiliúna do 150 Duine ó 56 Chuideachta
- ▶ 12 Thasc Comhairliúcháin
- ▶ 24 Thástáil Inniúlachta
- ▶ 8 Daltaí Idirbhliana Curtha ar Socrúchán

**340**  
LÁ TAIGHDE

**24**  
THÁSTÁIL  
INNIÚLACHTA  
DÉANTA

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh NSAI faoi fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Ina cháil mar chomhlacht reachtúil, tá sé de chumhacht aige talamh agus maoin eile, lena n-áirítear maoin intleachtúil, a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, dul i gconarthaí, agra a dhéanamh agus a bheith inagartha faoina ainm féin.

Feidhmíonn an tÚdarás de réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996; an Achta Méadreolaíochta, 1996; an Achta um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980, na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1998-2009 agus faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag a bhfuil an chumhacht chun: cistí a chur ar fáil don Údarás lena chur ar a chumas a chuid dualgas a chomhlíonadh; teoracha beartais ghinearálta a eisiúint; agus faisnéis a lorg faoi ghníomhaíochtaí an Údaráis. Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin, ceanglaítear ar an Údarás freisin cloí le raon ceanglas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus ceanglas riaracháin eile. Go háirithe, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha seo a leanas:

## Rialachán Uimh. 1025/2012 ón AE maidir le Caighdeánú Eorpach

Ó 2012 i leith, tá NSAI ainmnithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta mar an comhlacht náisiúnta caighdeán i gcomhair CEN, CENELEC agus ETSI faoi Rialachán an AE maidir le Caighdeánú agus ceanglaítear air tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le gníomhaíochtaí caighdeánaithe.

## An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 (an Cód)

Ghlac an Bord an Cód agus chuir sé nósanna imeachta agus athbhreithnithe chun feidhme lena áirithiú go ndéanfar lán-chomhlíonadh ar a chuid forálacha. Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, i dtuarascáil ar leithligh a thugtar don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gach bliain, go bhfuil ceanglais aonair an Chóid á gcomhlíonadh.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, agus rialacháin atá bunaithe orthu

De réir fhorálacha na nAchtanna, ní mór do gach Comhalta agus do gach ball foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis iomlána leasa a chur faoi bhráid an Rúnaí i gcomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2011 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2012

Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre i bhfeidhm agus cuireadh in iúl é don fhoireann ar fad. Tá NSAI tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre is saoil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun don fhoireann ar fad.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag NSAI chun cloí leis an Reachtaíocht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, agus tá Ráiteas Sábháilteachta curtha i dtoll a chéile aige freisin lena gcuimsítear gach ábhar a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht, sláinte agus leas ball foirne agus cuairteoirí ar áitreabh NSAI. Déantar an doiciméad sin a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá.



## Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1998

Ní comhlacht ainmnithe é NSAI chun críche an Achta. De réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, áfach, chuir an tÚdarás nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh ionadaíocht foirne ar an mBord.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Is comhlacht forordaithe é NSAI faoi na hAchtanna seo. Bunaítear leis na hAchtanna na cearta reachtúla seo a leanas:

- ▶ Rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- ▶ Go ndéanfar faisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlacht poiblí maidir le duine aonair a leasú sa chás ina bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- ▶ Rochtain a fháil ar thaifid ar chinntí a théann i bhfeidhm ort arna ndéanamh ag an gcomhlacht poiblí sin. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, NSAI, 1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Tá NSAI cláraithe mar rialaitheoir sonraí agus comhlíonann sé forálacha na hAchtanna sin.

## Treoirlínte maidir le Tograí Caiteachais Chaipitiúil a Mheasúnú agus a Bhainistiú 2005

Tá nósanna imeachta bunaithe ag NSAI atá ag teacht leis na prionsabail atá leagtha amach sna treoirlínte sin.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Rinneadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chomhlíon NSAI forálacha an Achta sna poncanna ábhartha uile.

Tá NSAI tiomanta d'áirithiú go ndéantar gach sonrasc bailí ó sholáthraithe a íoc go pras faoin Rial um Íoc Pras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011.

Tugann NSAI tuairisc ráithiúil faoin rial sin sa rannán 'About NSAI – Publications' ar an suíomh gréasáin.

## De réir an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014

Tá NSAI tiomanta dá dhícheall a dhéanamh a bheith tíosach ar fhuinneamh. Le linn 2014, d'úsáid an tÚdarás an fuinneamh seo a leanas ar fud naoi saoráid:

- ▶ 1,128,993 kWh leictreachais
- ▶ 1,033,125 KWh gáis nádúrtha

Glacann an tÚdarás páirt i gcomhaontuithe creata le haghaidh an tsoláthair leictreachais agus gáis, arna soláthar ar bhonn lárnach ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair. Tá rátáil fuinnimh B2 ag foirgneamh Cheanncheathrú NSAI.

## An Chairt Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí NSAI an rún daingean atá againn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí. Tá an Chairt ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla sa rannán 'About NSAI – Organisation – Customer Service' ar an suíomh gréasáin. Áirítear sa Chairt faisnéis maidir le comhlíonadh an Achta Ombudsman, 1980, agus an Achta um Ombudsman do Leanáí, 2002.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

## Na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2010 go dtí 2013 agus Comhaontú Bhóthar Haddington

Feidhmíonn NSAI de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail agus de réir na gcomhaontaithe ina dhiaidh sin de réir mar a éilítear air.

## An Rialachán um Athúsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí (I.R. 279 de 2005)

Comhlíonann NSAI ceanglais an rialacháin maidir le ceadúnú faisnéise lena hathúsáid.

# An Bord



Julie O'Neill  
Cathaoirleach



Maurice Buckley  
Príomh-Oifigeach  
Feidhmiúcháin



Valerie Bowens



Kieran Cox



Eugene Forde



Aileen Goggin



Terry Landers



Peter Oates



Aidan O'Boyle



Deirdre O'Hara



Kieran Ryan



Deirdre Smith



James Collins  
*Ar Scor*



Edmond Stack  
*Ar Scor*

Tá Bord NSAI comhdhéanta de Chomhaltaí an Údaráis. De réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996, is é an tAire a cheapann na Comhaltaí ó na leasanna sin atá páirteach sa phróiseas um thráchtearraí, próisis agus cleachtais a chaighdeánú agus a dheimhniú, gan aon leas ar leith a bheith i réim.

Bíonn an Bord comhdhéanta de thrí chomhalta déag: Cathaoirleach amháin agus 12 Chomhalta, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhíonn ina chomhalta nó ina comhalta de bhrí oifige. Tráth lá cinn bliana bhunú an Údaráis, cuireann an triúr Comhaltaí is faide seirbhís iad féin i láthair chun dul ar scor ón mBord.

Feidhmíonn an Bord de réir threoirlínte an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 agus de réir phrionsabail an dea-chleachtais sa rialachas corparáideach.

Tá an Bord freagrach as straitéis agus as beartais na heagraíochta agus as a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe inmheánaigh chun maoirseacht a dhéanamh ar a cuid oibríochtaí.

Baintear é sin amach trí bhonneagar rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear Ábhair atá Forchoimeádta don Bhord, deighilt shoiléir idir ról an Chathaoirleach agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh, sceideal cruinnithe lena ngabhann tuairisciú agus cur i láthair rialta don Bhord, agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca gníomhach. Tá an lucht Bainistíochta Feidhmiúcháin freagrach as an straitéis, na beartais agus na nósanna imeachta a chur chun feidhme ó thaobh cúrsaí oibriúcháin de.

De réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, cuireann Comhaltaí Boird NSAI Ráiteas Leasanna faoi bhráid an Rúnaí, leasanna as a bhféadfadh coinbhleacht teacht chun cinn nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an gComhalta maidir lena fheidhmíocht nó lena feidhmíocht ar an mBord. Cuirtear an Ráiteas Leasanna faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí freisin.

Cloíonn NSAI go hiomlán le treoirlínte an Rialtais maidir le hiocaíocht táillí le Comhaltaí Boird.

| Comhaltaí Boird                      | Ceaptha/<br>Scortha     | Earnáil                                                                                | Cruinnithe<br>a rabhtas i<br>dteideal freastal<br>orthu | Cruinnithe ar<br>freastalaíodh<br>orthu |
|--------------------------------------|-------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------|-----------------------------------------|
| J. O'Neill Uasal                     |                         | Cógaisíocht                                                                            | 6                                                       | 6                                       |
| An tUasal M. Buckley<br>(ex-officio) |                         | Príomhfheidhmeannach                                                                   | 6                                                       | 6                                       |
| V. Bowens Uasal                      | Ceaptha 2014            | Airgeadas – Comhlíonadh                                                                | 4                                                       | 3                                       |
| An tUasal J. Collins                 | Ar Scor 2014            | An Earnáil Phoiblí – Oideachas                                                         | 1                                                       | 1                                       |
| An tUasal K. Cox                     |                         | Foireann                                                                               | 6                                                       | 3                                       |
| An tUasal E. Forde                   |                         | An Earnáil Phoiblí – Oifigeach<br>de chuid na Roinne Post,<br>Fiontar agus Nuálaíochta | 6                                                       | 5                                       |
| A. Goggin Uasal                      |                         | An Earnáil Phoiblí – Baincéireacht                                                     | 6                                                       | 6                                       |
| An tUasal T. Landers                 | Athcheaptha 2014        | TFC                                                                                    | 6                                                       | 4                                       |
| An tUasal P. Oates                   |                         | Foireann                                                                               | 6                                                       | 5                                       |
| An Dr A. O'Boyle                     | Ceaptha 2014            | Leigheas                                                                               | 4                                                       | 4                                       |
| D. O'Hara                            | Uasal                   | Fuinneamh                                                                              | 6                                                       | 5                                       |
| B. O'Leary                           | Uasal                   | An Earnáil Phoiblí –<br>An Comhshaol                                                   | 6                                                       | 5                                       |
| An tUasal K. Ryan                    |                         | Leigheas                                                                               | 6                                                       | 6                                       |
| D. Smith Uasal                       | Ceaptha 2014            | TFC                                                                                    | 4                                                       | 3                                       |
| An tUasal E. Stack                   | Ar Scor Aibreán<br>2014 | Innealtóireacht                                                                        | 1                                                       | 1                                       |

# An Bord (ar lean)

## Coistí Boird

### An Coiste Iniúcháireachta

Tá an Coiste Iniúcháireachta ina chomhpháirt lárnach den rialachais agus de chuid na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais arna gcur chun feidhme ag an mBord. Cuimsíonn raon feidhme an Choiste an timpeallacht rialaithe inmheánaigh, Bainistíocht Riosca agus forálacha um nochtadh cosanta. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha atá faofa ag an mBord agus thionóil sé 3 chruinniú in 2014.

| Comhalta                                                       | Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|----------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------|-----------------------------------|
| An tUasal J. Collins – Cathaoirleach (Ar Scor Aibreán, 2014)   | 1                                               | 1                                 |
| An tUasal K. Ryan – Cathaoirleach (Ceaptha Meán Fómhair, 2014) | 3                                               | 3                                 |
| An tUasal E. Stack – (Ar Scor Aibreán, 2014)                   | 1                                               | 1                                 |
| D. O'Hara Uasal – (Ar Scor Meán Fómhair, 2014)                 | 1                                               | 0                                 |
| B O'Leary Uasal – (Ceaptha Meán Fómhair, 2014)                 | 2                                               | 2                                 |
| An Dr A. O'Boyle (Ceaptha Meán Fómhair, 2014)                  | 2                                               | 2                                 |
| An tUasal E. Forde                                             | 3                                               | 2                                 |

### An Coiste Rialachais

Rinne an Bord an Coiste Rialachais a athbhunú mar chomhpháirt lárnach den bhonneagar rialachais in 2013. Cuimsíonn raon feidhme an Choiste struchtúir foriomlána rialachais chorparáidigh NSAI a shainiú agus a chur in iúl lena chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, agus forbraíonn sé treoirlínte rialachais chorparáidigh is infheidhme maidir le NSAI agus cuireann faoi bhráid an Bhoird iad lena bhfaomhadh. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha atá faofa ag an mBord agus thionóil sé 2 chruinniú in 2014.

| Member                                            | Meetings eligible to attend | Meetings Attended |
|---------------------------------------------------|-----------------------------|-------------------|
| D. O'Hara Uasal – Cathaoirleach                   | 2                           | 2                 |
| V. Bowens Uasal – (Ceaptha Deireadh Fómhair 2014) | 1                           | 1                 |
| An tUasal K. Cox                                  | 2                           | 0                 |
| A. Goggin Uasal                                   | 2                           | 2                 |
| An tUasal P. Oates                                | 2                           | 2                 |
| B. O'Leary Uasal                                  | 1                           | 1                 |

# 2014

## Ráitis Airgeadais Bhliantúla

|                                                                              |    |
|------------------------------------------------------------------------------|----|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird                                | 42 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais                                     | 43 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste                                | 44 |
| Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta                                    | 46 |
| Beartaí Chuntasafochta                                                       | 47 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chomhdhlúite                                 | 49 |
| Ráiteas faoi Ghnóthachain agus<br>Caillteanais Aitheanta Iomlána Comhdhlúite | 50 |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite                                                | 51 |
| Ráiteas Comhardaithe faoi Shreabhadh Airgid                                  | 52 |
| Nótaí leis na Cuntais                                                        | 53 |



# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird


MAIDIR LE RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA 2014

Ceanglaítear in alt 8(2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 go gcoimeádfaidh an tÚdarás, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé agus, go háirithe, go gcoimeádfaidh sé san fhoirm sin a dúradh na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go ham. Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ▶ aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina nochtar a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 8 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:



**Julie O'Neill**  
Cathaoirleach

An 25 Meitheamh 2015



**Maurice Buckley**  
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

An 25 Meitheamh 2015

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord NSAI, admhaím an fhreagracht atá orainn as a áirithiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead go cuí agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Is iad seo a leanas na bearta atá déanta ag an mBord lena áirithiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm:

- ▶ Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- ▶ Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- ▶ Cultúr freagrachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí na nithe seo a leanas:

- ▶ Próiseas foirmiúil um bainistíocht riosca a fheidhmiú. Faoin bpróiseas sin, déantar breithniú ar na príomhrioscaí atá le sárú ag an Údarás maidir lena fheidhm a chomhlíonadh agus a chuid cuspóirí foriomlána a bhaint amach.
- ▶ Tá an lucht Bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a aithint agus a mheasúnú agus as rialuithe inmheánacha cuí a cheapadh agus a chur chun feidhme.
- ▶ Tuairiscíonn an lucht Bainistíochta don Bhord maidir le hathruithe suntasacha in oibríochtaí an Údaráis agus maidir leis na rioscaí lena mbaineann.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear scaradh dualgas, agus ar chóras tarmलगin agus cuntasachta. Áirítear leis an gcóras sin go háirithe:

- ▶ Teorainneacha údaraithe atá sainithe go soiléir, scaradh dualgas agus na rialuithe atá ar fáil óna chórais airgeadais. Déanann an Coiste Iniúcháireachta maoirseacht ar an gcóras sin agus fostaíonn sé gníomhaireachtaí seachtracha cuí chun an córas sin a scrúdú agus a thástáil
- ▶ Feidhmiú córais rialaithe buiséid, a gcuirtear an fheidhmíocht iarbhair i gcomparáid leis le linn na bliana. Tuairiscítear torthaí airgeadais don Bhord agus déantar fiosrú faoi na difríochtaí idir na torthaí airgeadais agus an buiséad.
- ▶ Tá formheas an Bhoird ag teastáil le haghaidh na bpríomhúdarás íocaíochta ar fad agus le haghaidh na bpríomhshainordaithe baincéireachta ar fad.
- ▶ Formheasann an Coiste Iniúcháireachta, ar fochoiste de chuid an Bhoird é, pleananna iniúchta inmheánaigh agus déileálann sé le saincheisteanna rialaithe suntasacha a ardaíonn iniúcháirí inmheánacha nó iniúcháirí seachtracha. Áirithíonn an Coiste sin go ndírítear obair na feidhme iniúcháireachta inmheánaí ar na réimsí is mó riosca nó nochtadh.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí atá seachfhoinsithe ag NSAI, a feidhmítear de réir Chreat-Chód an Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúcháireachta. Tugtar treoir d'obair na hiniúcháireachta inmheánaí trí anailís ar an riosca dá bhfuil an comhlacht nocht, agus bíonn na pleananna bliantúla maidir le hiniúcháireacht inmheánach bunaithe ar an anailís sin. Formhuiníonn an Coiste Iniúcháireachta an anailís ar riosca agus na pleananna iniúcháireachta inmheánaí. Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ar bhonn rialta le linn na bliana chun leorgacht agus éifeachtacht leanúnach an chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a athbhreithniú agus a dhearbhu.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais treoir ó obair an Iniúcháir Inmheánaigh, ón gCoiste Iniúcháireachta a mhaoirsíonn obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus ó na bainisteoirí feidhmiúcháin in NSAI atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain go dtí an 31 Nollaig 2014, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais.



**Julie O'Neill**  
Cathaoirleach

An 25 Meitheamh 2015

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014 faoin Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Cuimsítear sna ráitis airgeadais, ar ullmhaíodh iad faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, na beartais chuntasaíochta, an cuntas comhdhlúite ioncam agus caiteachais, an ráiteas comhdhlúite faoi na gnóthachain agus caillteanas aitheanta iomlána, an clár comhardaithe comhdhlúite, an ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi alt 8 den chéad sceideal a ghabhann leis an Acht, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn.

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

## Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhiráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar

- ▶ cibé acu is cuí iad na beartais chuntasaíochta maidir le cúinsí an Údaráis nó nach ea, agus arb amhlaidh nó nach ea gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go cuí iad
- ▶ réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- ▶ cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar an eolas faoi mhiráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

## Cistiú Iarchurtha Pinsin

Gan mo thuairim a cháiliú, dírim aird ar nóta 12 (c) leis na ráitis airgeadais. Aithníonn an tÚdarás sócmhainn i leith cistiú iarchurtha pinsin – luach reatha an chistithe a measann sé a chuirfidh an Stát ar fáil amach anseo chun freastal ar dhliteanais phinsin de réir mar a bheidh siad dlite. Gné dhílis den chur chuige cuntasaíochta sin is ea an toimhde go gcuirfear aon ioncam a ghinfidh an tÚdarás i bhfeidhm ar an gcéad ásc chun costais reatha a chomhlíonadh agus go bhfreastalóidh cistiú Stáit ar aon easnamh reatha nó ar aon easnamh amach anseo in acmhainní, lena n-áirítear dliteanais phinsin amach anseo.

## Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar is cuí de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn, maidir le staid chúrsaí an Údaráis ag an 31 Nollaig 2014 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain 2014.

Is é mo thuairim gur choimeád an tÚdarás leabhair chuntas iomchuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

## Ábhair ar a dTuiriscím ar bhonn Eisceachta

Tuiriscím ar bhonn eisceachta sna cásanna seo a leanas:

- ▶ Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- ▶ Thug mé cás ábhartha ar bith faoi deara le linn m'iniúchta inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas don cheann a bhí beartaithe dó, nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó
- ▶ Níl an t-eolas a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- ▶ Ní léirítear sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- ▶ Cinnim gurb ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuiriscítear ar bhonn eisceachta.



**Patricia Sheehan**

*Thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste*

An 30 Meitheamh 2015

# Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta

## Bord NSAI

Is iad seo a leanas Comhaltaí Boird NSAI, atá ceaptha ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta:

### Comhaltaí Boird

J. O'Neill Uasal – *Cathaoirleach*  
An tUasal M. Buckley – *Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*  
V. Bowens Uasal – *Ceaptha an 12 Bealtaine 2014*  
An tUasal J. Collins – *Ar Scor an 14 Aibreán 2014*  
An tUasal K. Cox  
An tUasal E. Forde  
A. Goggin Uasal  
An tUasal T. Landers – *Athcheaptha an 28 Márta 2014*  
An tUasal P. Oates  
An Dr A. O'Boyle – *Ceaptha an 12 Bealtaine 2014*  
D. O'Hara Uasal  
B. O'Leary Uasal  
An tUasal K. Ryan  
D. Smith Uasal – *Ceaptha an 12 Bealtaine 2014*  
An tUasal E. Stack – *Ar Scor an 14 Aibreán 2014*  
An tUasal P. Bracken – *Rúnaí an Bhoird*

## Faisnéis Ghinearálta

### An Cheannoifig

1 Cearnóg Swift  
An Choill Thuaidh  
Seantrabh  
Baile Átha Cliath 9

### Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann

### Aturnaetha

McCann Fitzgerald



# Beartais Chuntasaíochta

## An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar an 14 Aibreán 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Tá feidhmeanna reachtúla NSAI sainithe sna hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996;
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996;
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na cláir lárnacha méadreolaíochta, caighdeánaithe agus méadreolaíochta dlí maidir le tomhais agus le huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus sa mheasúnú comhréireachta.

**Is iad seo a leanas an bunús cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh:**

### (a) Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir mar a d'fhormheas an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta é, le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe, ach amháin mar atá luaite thíos, agus de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis. Glactar Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

Cuimsítear sna ráitis chomhdhlúite airgeadais ráitis airgeadais an Údaráis agus a fhochuideachta, NSAI Inc. Níl beartais chuntasaíochta na fochuideachta éagsúil leo siúd de chuid an Údaráis.

### (b) Ioncam

Tugtar cuntas i leith an ioncaim ar fad, seachas Deontas Oireachtais, sa tréimhse ina dtuilltear é. Déileáiltear le táillí arna n-foc roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais tráth sholáthar na seirbhíse.

### (c) Deontas Oireachtais

Tugtar cuntas ina leith sin ar bhonn fáltas airgid, ach iarchuirtear an deontas nuair a fhaightear deontas i leith scaoileadh dliteanas an bhliain ina dhiaidh sin.

### (d) Aistriú Airgeadraí Eachtracha

#### Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chláir Comhardaithe. Aistrítear ioncam agus costais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta na mbun-idirbheart. Déileáiltear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le brabús agus le caillteanais a eascraíonn ó aistrithe airgeadra eachtraigh tráth ghlanadh na suimeanna is infhaighte agus is inioctha in airgeadra eachtrach.

#### Oibríochtaí Eachtracha

Nuair atá torthaí na hoibríochta eachtraí á n-aistriú lena gcuimsiú sna ráitis airgeadais, aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chláir Comhardaithe. Is sna cúlchistí a aithnítear an difríocht aistrithe a eascraíonn ó athshonrú na n-oibríochtaí eachtracha in euro, arb é an ráta feidhmiúil, de bharr athruithe i rátaí malairte (sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais faoin gceannteideal 'coigeartú aistrithe' i leith earraí airgeadaíochta agus sa Chuntas Caipitil i leith difríochtaí athaistrithe sócmhainní seasta.) Aistrítear ioncam agus costais de réir meánrátaí malairte tréimhse míosúla. Is i gcúlchistí na hoibríochta freisin a aithnítear aon difríocht a eascraíonn ón aistriú i gcomparáid le ráta an Chláir Comhardaithe.

# Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

## (e) Sócmhainní Seasta

Is éard atá i Sócmhainní Seasta ná sócmhainní seasta inláimhsithe atá faoi úinéireacht ag NSAI agus luaitear iad sin ar a gcostas lúide dímheas carntha nó, i gcás Talún agus Foirgneamh a aistríodh ó Fhiontraíocht Éireann, is é sin, an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta, is de réir luachála a luaitear iad. Ríomhtar dímheas chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré ionchais mar seo a leanas:

|                                    |           |
|------------------------------------|-----------|
| Trealamh, Daingneáin agus Feisteas | 5 bliana  |
| Ríomhairí                          | 3 bliana  |
| Talamh agus Foirgnimh              | 50 bliain |
| Mótarfheithiclí                    | 5 bliana  |

## (f) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil ioncam deontais a úsáidtear chun Sócmhainní Seasta a fháil agus déantar é a dhíscríobh i gcomhréir leis na beartais dímheasa agus athluachála maidir leis na sócmhainní gaolmhara.

## (g) Féichiúnaithe

Luaitear féichiúnaithe glan ar sholáthar do neamhghnóthú drochfhiachas agus fiachas amhrasach. Déantar an soláthar do neamhghnóthú féichiúnaithe in aghaidh féichiúnaithe amhrasacha sonracha, agus déantar soláthar breise in aghaidh fiachais trádála eile nuair is cuí.

## (h) Léasanna

Déileáiltear le cíosanna atá dlite faoi léasanna oibriúcháin sna ráitis airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlite.

## (i) Aoisliúntas

Is sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus sa Chlár Comhardaithe a aithnítear idirbhearta, gluaiseachtaí agus iarmhéideanna pinsin de réir cheanglais Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Sochair Scoir.

## Scéim Fhorfás

Le feidhm ón 16 Iúil 2014, faoi chuid 5 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscáoileadh) 2014, tháinig 39 mball foirne de chuid Fhorfás a bhí ag obair i NSAI chun bheith ina mbaill d'fhoireann NSAI agus, dá réir sin, tá an fhreagracht as teidlíochtaí pinsin uile na mball foirne atá ag fónamh aistrithe ó Fhorfás go NSAI.

## Scéim NSAI

Feidhmíonn NSAI scéim pinsin sochair shainithe, arna cistiú go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil dó agus ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail foirne.

Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, ranníocaíochtaí a gcoinníonn NSAI iad. Is mar ioncam a aithnítear suim arb ionann í agus an muirear pinsin sa mhéid agus go bhfuil sí inghnóthaithe agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhíscáoileadh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe i dtóimhdí achtúireacha agus i mbarrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chomhdhlúite


DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

|                                                                                 | Nótaí    | 2014<br>€          | 2013<br>€   |
|---------------------------------------------------------------------------------|----------|--------------------|-------------|
| <b>Ioncam</b>                                                                   | <b>1</b> | <b>19,181,512</b>  | 18,710,504  |
| <b>Caiteachas</b>                                                               |          |                    |             |
| Costais Riaracháin agus Costais Ghinearálta                                     | 2        | <b>23,929,815</b>  | 24,153,562  |
| <b>Easnamh roimh Dheontas Oireachtais</b>                                       |          | <b>(4,748,303)</b> | (5,443,058) |
| <b>Deontas Oireachtais</b>                                                      | 3        | <b>4,803,999</b>   | 5,641,000   |
| <b>Barrachas Oibriúcháin don Bhliain</b>                                        |          | <b>55,696</b>      | 197,942     |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil                                                     | 4        | <b>156,049</b>     | 66,798      |
| Coigeartú Aistrithe                                                             |          | <b>279,322</b>     | (126,305)   |
| <b>Barrachas don bhliain</b>                                                    |          | <b>491,067</b>     | 138,435     |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste                                                | 5        | <b>1,000,000</b>   | –           |
| <b>(Easnamh)/Barrachas don bhliain tar éis Aisíocaíochta leis an Státchiste</b> |          | <b>(508,933)</b>   | 138,435     |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir                                                     |          | <b>4,645,830</b>   | 4,507,395   |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig                                                   |          | <b>4,136,897</b>   | 4,645,830   |

Is le gníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann suimeanna a léirítear faoi Ioncam agus Caiteachas.


Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 16.

Thar ceann an Bhoird:



**Julie O'Neill**  
Cathaoirleach

An 25 Meitheamh 2015



**Maurice Buckley**  
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

An 25 Meitheamh 2015


# Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána Comhdhlúite

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014

|                                                                             | Nótaí  | 2014<br>€           | 2013<br>€   |
|-----------------------------------------------------------------------------|--------|---------------------|-------------|
| Barrachas don bhliain                                                       |        | <b>491,067</b>      | 138,435     |
| (Caillteanais)/Ghnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin       | 12 (d) | <b>(16,393,000)</b> | 2,520,000   |
| Athruithe ar na toimhdí is bonn le luach reatha na ndliteanas scéime pinsin | 12     | –                   | –           |
| <b>Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin</b>          |        | <b>(16,393,000)</b> | 2,520,000   |
| <b>Coigeartú ar Chistiú larchurtha Pinsin</b>                               | 12     | <b>16,393,000</b>   | (2,520,000) |
| <b>Gnóthachain Aitheanta Iomlána don bhliain</b>                            |        | <b>491,067</b>      | 138,435     |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 16.

Thar ceann an Bhoird:



**Julie O'Neill**  
Cathaoirleach

An 25 Meitheamh 2015



**Maurice Buckley**  
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

An 25 Meitheamh 2015


# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014

|                                                                    | Nótaí  | 2014<br>€           | 2013<br>€    |
|--------------------------------------------------------------------|--------|---------------------|--------------|
| <b>Sócmhainní Seasta</b>                                           |        |                     |              |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe                                     | 6      | <b>4,318,454</b>    | 4,470,152    |
| <b>Sócmhainní Reatha</b>                                           |        |                     |              |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí                                | 8      | <b>3,820,396</b>    | 3,763,160    |
| Banc                                                               |        | <b>2,365,709</b>    | 2,071,845    |
|                                                                    |        | <b>6,186,105</b>    | 5,835,005    |
| Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 9      | <b>2,049,208</b>    | 1,189,175    |
| <b>Glansócmhainní Reatha</b>                                       |        | <b>4,136,897</b>    | 4,645,830    |
| <b>Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh Phinsin</b>    |        | <b>8,455,351</b>    | 9,115,982    |
| Sócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh Pinsean                 | 12 (c) | <b>52,800,000</b>   | 33,600,000   |
| Dliteanais Phinsin                                                 | 12 (b) | <b>(52,800,000)</b> | (33,600,000) |
|                                                                    |        | –                   | –            |
| <b>Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha tar éis Pinsean</b>  |        | <b>8,455,351</b>    | 9,115,982    |
| <b>Glansócmhainní</b>                                              |        | <b>8,455,351</b>    | 9,115,982    |
| <b>Arna Maoiniú ag:</b>                                            |        |                     |              |
| <b>Cuntas Caipitil</b>                                             | 4      | <b>4,318,454</b>    | 4,470,152    |
| <b>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>                             |        | <b>4,136,897</b>    | 4,645,830    |
|                                                                    |        | <b>8,455,351</b>    | 9,115,982    |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 16.

Thar ceann an Bhoird:



**Julie O'Neill**  
Cathaoirleach

An 25 Meitheamh 2015



**Maurice Buckley**  
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

An 25 Meitheamh 2015



# Ráiteas Comhardaithe faoi Shreabhadh Airgid

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

|                                                                                                                                                                                                             | Nótaí | 2014<br>€                                           | 2013<br>€                     |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------|-----------------------------------------------------|-------------------------------|
| <b>Réiteach an Bhrabúis Oibriúcháin don Bhliain le Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí</b>                                                                                                                |       |                                                     |                               |
| <b>Barrachas Oibriúcháin don Bhliain</b>                                                                                                                                                                    |       | <b>55,696</b>                                       | 197,942                       |
| Ús Bainc                                                                                                                                                                                                    |       | <b>3,366</b>                                        | (4,886)                       |
| Muirear Dímhéasa                                                                                                                                                                                            | 6     | <b>611,663</b>                                      | 605,486                       |
| Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (Méadú)/Laghdú i Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí (Laghdú)/Méadú i gCreidiúnaithe agus Fabhrúithe gan an Ranníocaíocht leis an Státhiste san áireamh |       | <b>(763)</b><br><b>(57,236)</b><br><b>(139,967)</b> | (16,451)<br>165,625<br>62,843 |
| Coigeartú um Aistriú Airgeadra                                                                                                                                                                              |       | <b>279,322</b>                                      | (126,305)                     |
| <b>Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí</b>                                                                                                                                                                |       | <b>752,081</b>                                      | 884,254                       |
| <b>RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID</b>                                                                                                                                                                         |       |                                                     |                               |
| <b>Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí</b>                                                                                                                                                                |       | <b>752,081</b>                                      | 884,254                       |
| <b>Fáltais ar Infheistíochtaí agus Fónamh a Dhéanamh ar Airgeadas</b>                                                                                                                                       |       |                                                     |                               |
| Ús Bainc                                                                                                                                                                                                    |       | <b>(3,366)</b>                                      | 4,886                         |
| Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil                                                                                                                                                                 |       | <b>748,715</b>                                      | 889,140                       |
| <b>Cistiú Caipitil</b>                                                                                                                                                                                      |       |                                                     |                               |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe                                                                                                                                                                     | 6     | <b>(455,614)</b>                                    | (538,787)                     |
| Díol Sócmhainní Seasta Inláimhsithe                                                                                                                                                                         |       | <b>763</b>                                          | 16,550                        |
| <b>Méadú in Airgead Tirim</b>                                                                                                                                                                               |       | <b>293,864</b>                                      | 366,903                       |
| <b>Réiteach na Gluaiseachta i nGlansreabhadh Airgid leis an nGluaiseacht sna Glanchistí</b>                                                                                                                 |       |                                                     |                               |
| <b>Gluaiseacht i nGlanchistí sa bhliain</b>                                                                                                                                                                 |       | <b>293,864</b>                                      | 366,903                       |
| <b>Glanchistí amhail an 1 Eanáir</b>                                                                                                                                                                        |       | <b>2,071,845</b>                                    | 1,704,942                     |
| <b>Glanchistí amhail an 31 Nollaig</b>                                                                                                                                                                      |       | <b>2,365,709</b>                                    | 2,071,845                     |

# Nótaí leis na Cuntais

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

## (1) Ioncam

|                                            |             | 2014<br>€         | 2013<br>€  |
|--------------------------------------------|-------------|-------------------|------------|
| Táillí Deimhniúcháin                       |             | 15,388,574        | 14,980,685 |
| Díol Caighdeán                             |             | 832,674           | 779,757    |
| Ioncam Eile                                |             | 156,630           | 125,176    |
| Ús Bainc                                   |             | (3,366)           | 4,886      |
|                                            |             | <b>16,374,512</b> | 15,890,504 |
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | Nóta 12 (c) | <b>2,807,000</b>  | 2,820,000  |
|                                            |             | <b>19,181,512</b> | 18,710,504 |

## (2) Costais Riaracháin agus Costais Ghinearálta

|                                                       |             | 2014<br>€         | 2013<br>€  |
|-------------------------------------------------------|-------------|-------------------|------------|
| Pá agus Costais Aoisliúntais                          |             | 10,669,918        | 11,054,538 |
| Costais phinsin                                       | Nóta 12 (a) | 2,800,319         | 2,891,350  |
| Luach Saothair agus Speansais na gComhaltaí Boird     | Nóta 15     | 61,867            | 51,080     |
| Speansais Taistil                                     |             | 1,237,374         | 1,245,339  |
| Seirbhísí ar Fo-chonradh agus Seirbhísí Gairmiúla     |             | 4,225,299         | 3,856,597  |
| Cíosanna, Rátaí, Obair Dheisithe agus Chothabhála     |             | 1,809,933         | 2,021,819  |
| Costais Oibriúcháin Eile                              |             | 1,867,312         | 1,746,416  |
| Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta                |             | (763)             | (16,451)   |
| Síntiúis d'Eagraíochtaí                               |             | 622,493           | 672,988    |
| Dímheas                                               | Nóta 6      | 611,663           | 605,486    |
| Táille Iniúcháireachta                                |             | 24,400            | 24,400     |
|                                                       |             | <b>23,929,815</b> | 24,153,562 |
| <b>Cuimsíonn Pá agus Costais Aoisliúntais foirne:</b> |             |                   |            |
| Pá agus Tuarastail                                    |             | 9,983,849         | 10,326,259 |
| Costais Leasa Shóisialaigh                            |             | 667,448           | 695,792    |
| Costais Aoisliúntais                                  |             | 18,621            | 32,487     |
|                                                       |             | <b>10,669,918</b> | 11,054,538 |

Áirítear le Pá agus Tuarastail costas na n-íocaíochtaí foirceanta a eisíodh do dhuine amháin. B'ionann líon na ndaoine a bhí fostaithe (coibhéis lánaimseartha) ag an 31 Nollaig 2014 agus 140 duine. (2013: 141).

Áirítear le Costais Oibriúcháin Eile suim €7,683 a bhaineann le rannpháirtíocht le fostaithe/leas foirne (2013: €7,398). Áirítear leis na costais sin ranníocaíocht le hócáidí an chlub shóisialta foirne agus le cleachtaí maidir le neartú na foirniúlachta.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## (3) Deontas Oireachtais

|                                                                 | 2014<br>€        | 2013<br>€ |
|-----------------------------------------------------------------|------------------|-----------|
| Deontas le haghaidh Costais Riaracháin agus Costais Ghinearálta | <b>4,803,999</b> | 5,641,000 |
|                                                                 | <b>4,803,999</b> | 5,641,000 |

Is í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a eisíonn an Deontas Oireachtais agus áirítear leis an deontas sin suim €500,000 i leith ceannacháin chaipitil in 2014. Is ó Vóta 32, Fo-mhírcheann A.11 a thagann an cistiú.

## (4) Cuntas Caipitil

|                                                     | 2014<br>€        | 2013<br>€ |
|-----------------------------------------------------|------------------|-----------|
| Iarmhéid tosaigh                                    | <b>4,470,152</b> | 4,537,120 |
| Glanghluaiseachtaí i Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | <b>(156,049)</b> | (66,798)  |
| Aistriú chuig an gCuntas Ioncam agus Caiteachais    | <b>(156,049)</b> | (66,798)  |
| Coigeartú um Aistriú Airgeadra                      | <b>4,351</b>     | (170)     |
| Amhail an 31 Nollaig                                | <b>4,318,454</b> | 4,470,152 |

## (5) Ranníocaíocht leis an Státchiste

Aisíoc i leith charnadh na bliana roimhe de Bharrachas na gCúlchistí Oibriúcháin €1.0m (2013: Nialas).

Thuairiscigh NSAI feidhmíochtaí oibriúcháin le roinnt blianta anuas a raibh carnadh na gCúlchistí oibríochta agus an iarmhéid airgid barrachais ina thoradh orthu. Chuaigh NSAI i gcomhairle leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i mí Mheán Fómhair 2014 agus chuir sé in iúl go raibh aisíocaíocht leis an státchiste beartaithe aige chun aghaidh a thabhairt ar an gceist. Aontaíodh i mí na Bealtaine 2015 gur cuí aisíocaíocht a dhéanamh leis an státchiste ó na cúlchistí carntha amhail an 31 Nollaig 2014.

## (6) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

|                                     | Trealamh,<br>Daingneáin<br>agus Feisteas | Trealamh<br>Ríomhaireachta | Talamh agus<br>Foirgnimh | Mótarfheithiclí | An tIomlán |
|-------------------------------------|------------------------------------------|----------------------------|--------------------------|-----------------|------------|
|                                     | €                                        | €                          | €                        | €               | €          |
| <b>In Euro</b>                      |                                          |                            |                          |                 |            |
| <b>COSTAS</b>                       |                                          |                            |                          |                 |            |
| Amhail an 1 Eanáir 2014             | 4,673,801                                | 3,184,970                  | 4,264,287                | 354,848         | 12,477,906 |
| Éadálacha                           | 115,928                                  | 336,843                    | 2,843                    | 0               | 455,614    |
| Diúscairtí                          | (13,915)                                 | (88,863)                   |                          | 0               | (102,778)  |
| Coigeartú Aistrithe                 | 7,646                                    | 26,155                     |                          |                 | 33,801     |
| Amhail an 31 Nollaig 2014           | 4,783,460                                | 3,459,105                  | 4,267,130                | 354,848         | 12,864,543 |
| <b>DÍMHEAS</b>                      |                                          |                            |                          |                 |            |
| Amhail an 1 Eanáir 2014             | 4,191,694                                | 2,705,669                  | 940,721                  | 169,670         | 8,007,754  |
| Muirear don Bhliain                 | 178,906                                  | 289,373                    | 85,343                   | 58,041          | 611,663    |
| Diúscairtí                          | (13,915)                                 | (88,863)                   |                          | 0               | (102,778)  |
| Coigeartú Aistrithe                 | 6,916                                    | 22,534                     |                          |                 | 29,450     |
| Amhail an 31 Nollaig 2014           | 4,363,601                                | 2,928,713                  | 1,026,064                | 227,711         | 8,546,089  |
| <b>GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR</b> |                                          |                            |                          |                 |            |
| Amhail an 1 Eanáir 2014             | 482,107                                  | 479,301                    | 3,323,566                | 185,178         | 4,470,152  |
| Glanghluaiseacht don bhliain        | (62,978)                                 | 47,470                     | (82,500)                 | (58,041)        | (156,049)  |
| Coigeartú aistrithe                 | 730                                      | 3,621                      |                          |                 | 4,351      |
| Amhail an 31 Nollaig 2014           | 419,859                                  | 530,392                    | 3,241,066                | 127,137         | 4,318,454  |

## (7) Maoín

Áitíonn NSAI áitreabh i roinnt áiteanna. Tá ár gceannoifig lonnaithe ag 1 Cearnóg Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9. Tá an t-áitreabh sin á ghlacadh ar léas, léas a ndeachthas isteach ann i mí Eanáir 2008 ar feadh tréimhse 20 bliain. Bhí méadú neamhní i leith an chéad athbhreithniú cíosa 5 bliana, a cuireadh i gcrích in 2014. Tá sé beartaithe an chéad athbhreithniú cíosa 5 bliana eile a dhéanamh i mí Eanáir 2018, ag clúdach na tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2018.

Tá Oifigí Réigiúnacha ag NSAI i Luimneach agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá an oifig i Luimneach lonnaithe ar Bhóthar Pháirc Plassey, An Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh agus is le NSAI an t-áitreabh sin. Tá an oifig réigiúnach i Stáit Aontaithe Mheiriceá lonnaithe ag 402 Amherst Street, Nashua, NH 03063, SAM, agus tá an t-áitreabh sin á ghlacadh ar léas. Chuathas i mbun an léasa i mí na Nollag 1999 agus rachaidh sé in éag i mí Lúnasa 2015.

Tá Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI lonnaithe i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath 9, agus tá an t-áitreabh sin faoi úinéireacht ag NSAI. Tá roinnt Ionad Réigiúnacha um Sheirbhís Méadreolaíochta Dlí ag NSAI. Tá na hionaid sin lonnaithe i gCorcaigh, i Luimneach, i mBaile Átha Cliath, i Sligeach, i nDún Dealgan, i bPort Láirge agus i nGaillimh. Tá gach ceann de na háitribh sin faoi úinéireacht ag NSAI.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## (8) Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

|                                                                  | 2014<br>€        | 2013<br>€ |
|------------------------------------------------------------------|------------------|-----------|
| Féichiúnaithe Trádála (glan ar sholáthar in aghaidh drochfhiach) | 2,835,683        | 2,802,387 |
| Ioncam Fabhraithe                                                | 398,803          | 385,886   |
| Réamhíocaíochtaí                                                 | 585,910          | 574,887   |
|                                                                  | <b>3,820,396</b> | 3,763,160 |

## (9) Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

|                                                | 2014<br>€        | 2013<br>€ |
|------------------------------------------------|------------------|-----------|
| Creidiúnaithe Trádála                          | 111,409          | 245,424   |
| Creidiúnaithe Eile agus Fabhruithe             | 567,227          | 645,706   |
| Ioncam larchurtha                              | 347,119          | 309,895   |
| Cáin, Árachas Sóisialach agus CBL              | 23,453           | (11,850)  |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste <i>Nóta 5</i> | 1,000,000        | –         |
|                                                | <b>2,049,208</b> | 1,189,175 |

## (10) Ceangaltais faoi Léasanna Oibriúcháin

B'ionann na híocaíochtaí a rinneadh faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh arna muirearú sna ráitis airgeadais agus €933,005 (2013: €933,482). Tá íocaíochtaí ar fiú €921,391 iad le déanamh in 2015 faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh. Baineann siad sin le léasanna a rachaidh in éag mar seo a leanas:

|                                     | 2014<br>€      | 2013<br>€ |
|-------------------------------------|----------------|-----------|
| Éag an Léasa:                       |                |           |
| Laistigh de bhliain amháin          | –              | –         |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 29,440         | 40,889    |
| Tar éis cúig bliana                 | 891,951        | 891,951   |
|                                     | <b>921,391</b> | 932,840   |

## (11) Cáin

Tá an tÚdarás díolmhaithe ó cháin ar a ioncam.

## (12) Costais Phinsin

### (a) Anailís ar Chostais Iomlána Phinsin arna Muirearú ar Chaiteachas

|                                    | 2014<br>€        | 2013<br>€ |
|------------------------------------|------------------|-----------|
| Costais seirbhíse reatha           | 1,400,000        | 1,500,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 1,800,000        | 1,800,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe          | (399,681)        | (408,650) |
|                                    | <b>2,800,319</b> | 2,891,350 |

### (b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na Bliana Airgeadais

|                                                  | 2014<br>€         | 2013<br>€   |
|--------------------------------------------------|-------------------|-------------|
| Glandliteanas pinsin amhail an 1 Eanáir          | 33,600,000        | 33,300,000  |
| Costas seirbhíse reatha                          | 1,400,000         | 1,500,000   |
| Costais úis                                      | 1,800,000         | 1,800,000   |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach             | 16,393,000        | (2,520,000) |
| Pinsin a focadh sa bhliain                       | (393,000)         | (480,000)   |
| <b>Glandliteanas pinsin amhail an 31 Nollaig</b> | <b>52,800,000</b> | 33,600,000  |

Amhail an 15 Iúil 2014 bhí 39 mball foirne de chuid Fhorfás ag obair i NSAI. Faoi Alt 3 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, is é Forfás a bhí freagrach as teidlíochtaí pinsin fostaithe na mball foirne sin. Le feidhm ón 16 Iúil 2014, faoi chuid 5 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscáoileadh) 2014, tháinig na baill foirne sin chun bheith ina mbaill d'fhoireann NSAI agus, dá réir sin, tá an fhreagracht as teidlíochtaí pinsin uile na mball foirne atá ag fónamh aistrithe ó Fhorfás go NSAI.

Ní raibh an dliteanas i leith na foirne aistrithe ríofa ag dáta an aistrithe. Tá sé san áireamh, áfach, sa luacháil deireadh bliana thuas agus aithnítear é sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána mar chuid den fhigiúr caillteanais taithí €16.39m.



# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## (12) Costais Phinsin (ar lean)

### (c) Cistiú iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn NSAI na suimeanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsean bunaithe ar shraith toimhdí agus ar roinnt teagmhais roimhe. I measc na dteagmhais sin, tá an bonn reachtúil do bhunú na scéime aoisliúntais agus don bheartas agus don chleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin san earnáil phoiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag NSAI nach leanfar ar aghaidh, faoin mbeartas dá dtagraítear thuas, ag freastal ar shuimeanna den sórt sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Is mar seo a leanas a aithníodh an glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

|                                                                | 2014<br>€        | 2013<br>€ |
|----------------------------------------------------------------|------------------|-----------|
| Cistiú inghnóthaithe i leith chostais phinsin na bliana reatha | 3,200,000        | 3,300,000 |
| Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm le pinsinéirí a íoc        | (393,000)        | (480,000) |
|                                                                | <b>2,807,000</b> | 2,820,000 |

B'ionann an sócmhainn cistithe iarchurtha maidir le pinsin amhail an 31 Nollaig 2014 agus €52.8 milliún (2013: €33.6 milliún).

### (d) Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe

|                                                       | 2014        | 2013         | 2012         | 2011        |
|-------------------------------------------------------|-------------|--------------|--------------|-------------|
| Oibleagáidí sochair shainithe                         | €52,800,000 | €33,600,000  | €33,300,000  | €32,000,000 |
| Caillteanas/(gnóthachan) taithí ar dhliteanais scéime |             |              |              |             |
| Méid                                                  | €16,393,000 | (€2,520,000) | (€1,390,000) | (€620,000)  |
| Céatadán de dhliteanais na scéime                     | 31%         | (8%)         | (4%)         | (2%)        |

Is ionann an gnóthachan achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta lomlána agus €7,300,000.

## (12) Costais Phinsin (ar lean)

### (e) Tuairisc Ghinearálta ar an Scéim

Is ionann an scéim pinsin agus scéim sochair shainithe atá bunaithe ar thuarastal deiridh agus déantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin na 'samhla' reatha maidir le scéimeanna san earnáil phoiblí. Faoin scéim, soláthraítear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é an lá ar a slánóidh an ball 65 bliana d'aois an ghnáthaois scoir, agus tá daoine ar bhaill iad ó roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ón uair a shlánóidh siad 60 bliain d'aois. Téann pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS17 (Athbhreithnithe) ar luacháil achtúireach iomlán dar dáta an 7 Feabhra 2015 ó achtúire neamhspleách cáilithe, agus aird ar cheanglais FRS d'fhonn dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2014 a mheasúnú.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

|                                       | 2014 | 2013 | 2012 |
|---------------------------------------|------|------|------|
|                                       | %    | %    | %    |
| Ráta méadaithe na dtuarastal          | 4    | 4    | 4    |
| Ráta méadaithe na bpinsean arna n-íoc | 4    | 4    | 4    |
| Ráta lascaine                         | 5.5  | 5.5  | 5.5  |
| Ráta boilscithe                       | 2    | 2    | 2    |

### (f) Mortlaíocht

An meánionchas saoil amach anseo de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dliteanais phinsin a chinneadh.

|                 | 2014    | 2013    | 2012    |
|-----------------|---------|---------|---------|
|                 | Blianta | Blianta | Blianta |
| Fear in aois 65 | 22      | 22      | 22      |
| Bean in aois 65 | 25      | 25      | 25      |

## (13) NSAI Inc.

Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, SAM, an 1 Iúil 1997 mar chorparáid neamhbhrabúis faoi úinéireacht iomlán ag NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin na hÉireann agus an AE atá ann faoi láthair agus atá beartaithe, chun léirmheasanna teicniúla a sholáthar agus chun measúnacht a dhéanamh ar tháirgí, ar phróisis agus ar chleachtais agus chun dul i mbun deimhniúcháin i leith chomhlíonadh chaighdeáin an AE, chaighdeáin na hÉireann agus caighdeán Idirnáisiúnta. Tá iarmhéideanna agus idirbhearta NSAI Inc. curtha san áireamh sna ráitis airgeadais seo. Áirítear leis an mBarrachas Oibriúcháin Comhdhlúite don bhliain barrachas €569,986 ó oibríochtaí NSAI Inc. (2013: €404,648).

## (14) Comhaltaí an Bhoird – Nochtadh Idirbheart

I ngnáthchúrsaí gnó, féadfaidh NSAI dul i mbun socrúithe conartha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Boird NSAI fostaithe nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile. Ghlac NSAI nósanna imeachta de réir na dtreoirilínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus chloigh NSAI leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

# Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

## (15) Luach saothair na Stiúrthóirí agus Tuarastal an POF

### (a) An Luach Saothair a íocadh le Stiúrthóirí in 2014

|                                    |         |                                                           |
|------------------------------------|---------|-----------------------------------------------------------|
| J. O'Neill Uasal                   | €11,929 | Cathaoirleach                                             |
| V. Bowens Uasal                    | €4,719  | Ceaptha an 12 Bealtaine 2014                              |
| An tUasal J. Collins [ Note (i) ]  | €0      | Ar Scor an 14 Aibreán 2014                                |
| An tUasal K. Cox                   | €7,668  |                                                           |
| An tUasal E. Forde                 | €0      | Ionadaí de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| A. Goggin Uasal [ Note (i) ]       | €0      |                                                           |
| An tUasal T. Landers [ Note (ii) ] | €0      | Athcheaptha an 28 Márta 2014                              |
| An tUasal P. Oates                 | €7,668  |                                                           |
| An Dr A. O'Boyle                   | €4,719  | Ceaptha an 12 Bealtaine 2014                              |
| D. O'Hara Uasal                    | €7,668  |                                                           |
| B. O'Leary Uasal [ Note (i) ]      | €0      |                                                           |
| An tUasal K. Ryan                  | €7,668  |                                                           |
| D. Smith Uasal                     | €4,719  | Ceaptha an 12 Bealtaine 2014                              |
| An tUasal E. Stack                 | €2,389  | Ar Scor an 14 Aibreán 2014                                |
| An tUasal M. Buckley               | €0      | An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin                         |

B'ionann luach saothair iomlán na Stiúrthóirí do 2014 agus €59,147 (2013: €44,175)

(i) Ní raibh luach saothair iníoctha de réir an phrionsabail 'duine amháin, tuarastal amháin'.

(ii) Rinne an comhalta luach saothair Stiúrthóirí a sheachligeán ar bhonn deonach.

### (b) Speansais Stiúrthóirí

B'ionann speansais iomlána na Stiúrthóirí do 2014 agus €2,720 (2013: €6,905).

### (c) Tuarastal an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin

B'ionann tuarastal bliantúil bunúsach an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin do 2014 agus €143,311 (2013: €148,680).

B'ionann costas foriomlán phacáiste luach saothair an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin, ina gcuimsítear soláthar aoisliúntais, gluaisteán cuideachta agus aon sochair eile (faoi réir sochar comhchineáil) in 2014 agus €163,250 (2013: €158,824). Tá an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de scéim aoisliúntais foirne NSAI agus ní théann a theidlíochtaí pinsin níos faide ná teidlíochtaí caighdeánacha shamhailscéim na hearnála poiblí. Ní bhfuair an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin aon íocaíochtaí i leith feidhmíochta in 2014 ná in 2013.

## (16) Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Bord na ráitis airgeadais ar an 25 Meitheamh 2015.





HEAD OFFICE  
1 Swift Square, Northwood, Santry, Dublin 9, Ireland  
**T** +353 1 807 3800 **F** +353 1 807 3838 **E** [info@nsai.ie](mailto:info@nsai.ie)

**NSAI.ie**